Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Aibreán 2022
(OR. en)

8064/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0104(COD)**

**ENV 339**
**COMER 41**
**SAN 216**
**AGRI 148**
**MI 276**
**COMPET 229**
**CONSOM 86**
**IND 112**
**ENT 47**
**CODEC 472**
**IA 40**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 156 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 156 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 156 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 5.4.2022
COM(2022) 156 final

2022/0104 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear**
**Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 169 final} - {SWD(2022) 110 final} - {SWD(2022) 111 final} - {SWD(2022) 112 final}

# CLÁR

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN ........ 3
1. COMHTHÉACS AN TOGRA ........ 3
2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT ........ 9
3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR ........ 10
4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA ........ 13
5. EILIMINTÍ EILE ........ 14
TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl ........ 20
RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ........ 51
1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ........ 51
1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ........ 51
1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ........ 51
1.3. Baineann an togra/tionscnamh le: ........ 51
1.4. Cuspóirí ........ 51
1.4.1. Cuspóirí ginearálta ........ 51
1.4.2. Cuspóirí sonracha ........ 51
1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ........ 52
1.4.4. Táscairí feidhmíochta ........ 52
1.5. Forais an togra/tionscnaimh ........ 53
1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 53
1.5.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais. ........ 54
1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 54
1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ........ 55
1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ........ 55
1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh ........ 58
1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe ........ 58
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ........ 58

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe....58
2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe....59
2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe59
2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú....59
2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)....59
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc....59
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH....59
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar....59
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe....60
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí....60
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí....64
3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní ECHA....66
3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach sa Choimisiún....67
3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha....67
3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe....68
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam....68

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ('IED')[1], rialaítear, ar bhealach comhtháite agus ar bhonn earnáil ar earnáil, na tionchair chomhshaoil a bhíonn ag thart ar 52 000 suiteáil tionsclaíoch agus feirm beostoic ('suiteálacha agraithionsclaíocha') mórscála san Eoraip a bhaineann ardriosca truaillithe leo. Cumhdaítear leis na truailleáin ábhartha uile a dhéanann difear do shláinte an duine agus don chomhshaol agus a d'fhéadfadh suiteálacha agraithionsclaíocha a astú. Gineann suiteálacha a rialaítear le IED thart ar 20 % d'iomlán astaíochtaí truailleán an Aontais isteach san aer (de réir maise), thart ar 20 % d'astaíochtaí truailleán isteach san uisce agus thart ar 40 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT). Ar na gníomhaíochtaí a rialaítear le IED, áirítear gléasraí cumhachta, scaglanna, cóireáil dramhaíola agus loscadh dramhaíola, táirgeadh miotal, stroighne, gloine, ceimiceán, laín agus páipéir, bia agus dí, agus diantógáil muc agus éanlaithe clóis. D'fhéadfadh suiteáil a rialaítear le IED roinnt gníomhaíochtaí IED a dhéanamh, e.g. táirgeadh stroighne agus comhloscadh dramhaíola.

Baineadh de thátal as an meastóireacht a rinneadh in 2020[2] ar IED go raibh sé éifeachtach tríd is tríd truailliú isteach san aer, san uisce agus san ithir de dheasca gníomhaíochtaí tionsclaíocha a chosc agus a rialú, agus maidir le húsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil (BAT) a chur chun cinn. Tá laghdú substaintiúil déanta ag IED ar astaíochtaí truailleán san aer, agus san uisce, ach ní an oiread céanna. Bhí sé in a chuidiú freisin chun astaíochtaí isteach san ithir ó shuiteálacha IED a laghdú. Cé go bhfuil sé níos deacra measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag Treoir ar éifeachtúlacht acmhainní, ar an ngeilleagar ciorclach agus ar an nuálaíocht, is cosúil go bhfuil rannchuidiú dearfach déanta aici, ainneoin a theoranta atá an rannchuidiú sin. Tá rannchuidiú teoranta déanta aici maidir le dícharbónú freisin, laistigh de na srianta atá ar IED faoi láthair. Tá feabhas tagtha ar ghnéithe eile, amhail rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus rochtain ar an gceartas, i gcomparáid leis an reachtaíocht a bhí ann roimhe ar tháinig IED ina hionad.

Sainaithníodh sa mheastóireacht freisin, áfach, roinnt réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu, i bhfianaise dúshláin nua. Léiríodh inti gur creat fónta é an Treoir, ach nach bhfuil sí á cur chun feidhme go comhsheasmhach ó Bhallstát go chéile, agus go bhfuil cosc á chur ar bhaint amach iomlán chuspóirí na hionstraime de dheasca leibhéil éagsúla uaillmhéine. De dheasca na ndúshlán sin, tá dochar á dhéanamh d'acmhainneacht na Treorach an brú a chuireann suiteálacha agraithionsclaíocha ar an gcomhshaol a laghdú agus cothrom na hiomaíochta a shocrú lena soláthraítear ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. De réir mar a chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, déanann na saincheisteanna sin difear freisin d'acmhainneacht IED an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme ar bhealach iomchuí.

---

1 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú); IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119.

2 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Evaluation of the Industrial Emissions Directive (IED)* [Meastóireacht ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED)]; SWD(2020) 181 final.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun an claochlú tionsclaíoch ó bhonn is gá idir 2025 agus 2050 a dhreasú, gheall an Coimisiún sa Chomhaontú Glas don Eoraip[3] athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta AE chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó shuiteálacha móra agraithionsclaíocha. Thairis sin, tá an tAontas tiomanta do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[4] agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[5]. Rannchuidíonn an togra seo le roinnt de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Is é is cuspóir ginearálta don tionscnaimh sin cuidiú, ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla, éiceachórais agus sláinte an duine a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha an truaillithe ó shuiteálacha móra agraithionsclaíocha agus feabhas a chur ar athléimneacht thionscal an Aontais in aghaidh thionchair an athraithe aeráide. Tá sé d'aidhm ag an athbhreithniú ar IED claochlú agraithionsclaíoch ó bhonn i dtreo truailliú nialasach a spreagadh trí theicneolaíochtaí ceannródaíocha a úsáid, agus ar an mbealach sin rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach mar atá neodracht carbóin, éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe, timpeallacht saor ó thocsainí agus geilleagar ciorclach. Tá sé d'aidhm aige freisin leanúint de thacaíocht a thabhairt do chothrom na hiomaíochta a chruthú lena soláthrófar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. Ina theannta sin, leis an athbhreithniú ar IED, féachfar leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair a nuachóiriú agus a shimpliú, e.g. trí dhigitiú agus trí fheabhas a chur ar an eolas faoi fhoinsí truaillithe. Beidh sé d'aidhm ag an tionscnamh freisin feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail sa chinnteoireacht agus rochtain ar fhaisnéis agus ar cheartas a mhéadú, lena n-áirítear ar shásraí éifeachtacha sásaimh.

Rud is sonraí ná sin, leis an athbhreithniú ar an Treoir, féachfar leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. feabhas a chur ar éifeachtacht IED maidir le hastú truailleán ag an bhfoinse ó shuiteálacha agraithionsclaíocha a chosc nó, nuair nach bhfuil sin praiticiúil, a íoslaghdú, a léirítear le leibhéil astaíochta atá ag laghdú go leanúnach nó ar bhealach luathaithe chun drochthionchair ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol a sheachaint nó a laghdú, agus staid an chomhshaoil sa limistéar a ndéanann na hastaíochtaí sin difear dó á cur san áireamh;

ii. a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine aonair príobháideacha agus ag an tsochaí shibhialta ar fhaisnéis, ar rannpháirtíocht i gcinnteoireacht, agus ar an gceartas (lena n-áirítear sásamh éifeachtach) i ndáil leis na gléasraí rialáilte a cheadú, a oibriú agus a rialú, a fhágfaidh gníomhaíocht mhéadaithe na sochaí sibhialta;

iii. an reachtaíocht a shoiléiriú agus a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú agus, an tráth céanna, comhsheasmhacht cur chun feidhme ag na Ballstáit a chur chun cinn;

iv. glacadh teicneolaíochtaí agus teicnící nuálacha a chur chun cinn le linn an chlaochlaithe thionsclaíoch atá ar siúl faoi láthair, trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid tagartha BAT (BREFanna) gan mhoill, nuair a bhíonn fianaise ann go bhfuil fáil ar theicnící nuálacha a mbaineann feidhmíocht níos fearr leo, agus trína áirithiú go dtacaíonn ceadanna le gníomhaithe atá chun cinn ar an slua;

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip]; COM(2019) 640 final.

[4] https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E.

[5] https://sdgs.un.org/goals.

v. tacú leis an aistriú i dtreo ceimiceáin atá níos sábháilte agus nach bhfuil chomh tocsaineach céanna a úsáid, éifeachtúlacht acmhainní feabhsaithe (fuinneamh, uisce agus dramhaíl a chosc) agus tuilleadh ciorclaíochta;

vi. tacú leis an dícharbónú trí shineirgí a chothú maidir le húsáid teicnící agus infheistíochtaí i dteicnící lena ndéantar truailliú agus astaíochtaí carbóin a chosc nó a laghdú, a léirítear le cúpláil ar na treochtaí i ndéine na n-astaíochtaí;

vii. aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhíobhálacha ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol a bhíonn ag gníomhaíochtaí agraithionsclaíocha nach rialaítear faoi láthair le IED, a léirítear leis na treochtaí a léiríonn go bhfuil déine na n-astaíochtaí ag laghdú.

Ba dhíol sásaimh don Chomhairle[6] agus do Pharlaimint na hEorpa[7,8,9] an t-athbhreithniú ar IED agus chuir siad in iúl go raibh súil acu, leis an athbhreithniú sin, go dtabharfaí aghaidh ar astaíochtaí truailleán isteach san aer ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha agus talmhaíochta agus go rannchuideofaí leis an ngeilleagar ciorclach, lena n-áirítear trí athúsáid uisce a chur chun cinn in earnáil na tionsclaíochta[10,11]. Tá moltaí soiléire glactha ag an bPainéal Saoránach Eorpach maidir le hathrú aeráide agus leis an gcomhshaol ina leith sin faoi chuimsiú na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa[12]. Sa chomhthéacs sin, is léir an tacaíocht atá curtha in iúl ag saoránaigh na hEorpa le go rachaidh an tAontas Eorpach i ngleic leis an truailliú uisce, ithreach agus aeir agus le go laghdóidh sé astaíochtaí meatáin, agus leagann siad béim ar fhreagrachtaí na dtruaillitheoirí.

An Sainghrúpa Ardleibhéil um Thionscail Dianfhuinnimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara, ar grúpa é a chuireann comhairle ar an gCoimisiún maidir le beartais atá ábhartha maidir le tionscail dianfhuinnimh ó 2015, d'fhorbair sé máistirphlean[13] ina leagtar amach moltaí maidir le tógáil an chreat bheartais is gá chun an t-aistriú sin a bhainistiú, agus an tráth céanna, earnáil na tionsclaíochta a choimeád iomaíoch. Moltar ann '*gur cheart próiseas ceadaithe na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a oiriúnú chun tacú le bearta laghdaithe GCT i suiteálacha dianfhuinnimh ar feadh an aistrithe.*'

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é an Comhaontú Glas don Eoraip straitéis fáis na hEorpa chun geilleagar aeráidneodrach, glan agus ciorclach a áirithiú faoi 2050, bainistíocht acmhainní agus éifeachtúlacht fuinnimh a

6 Conclúidí ón gComhairle an 5 Márta 2020 (6650-2020).

7 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Márta 2021 maidir le cur chun feidhme na dTreoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh: Treoir 2004/107/CE agus Treoir 2008/50/CE (2020/2091(INI)).

8 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP)).

9 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2020 maidir le straitéis nua tionsclaíochta don Eoraip (2020/2076(INI)).

10 Conclúidí ón gComhairle an 3 Meitheamh 2021 (9419/21).

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A new circular economy action plan for a cleaner and more competitive Europe* [Plean nua Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach – Le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche], COM/2020/98 final.

12 https://futureu.europa.eu/pages/about?locale=ga

13 Féach *Masterplan for a competitive transformation of EU energy-intensive industries enabling a climate-neutral, circular economy by 2050* [Máistirphlean le haghaidh claochlú iomaíoch thionscail dianfhuinnimh an Aontais Eorpaigh le go mbeifear in ann geilleagar aeráidneodrach ciorclach a bhaint amach faoi 2050], atá ar fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/be308ba7-14da-11ea-8c1f-01aa75ed71a1/language-en.

bharrfheabhsú agus truailliú a íoslaghdú, agus an tráth céanna, aitheantas á thabhairt don ghá atá le beartais an-chlaochlaitheacha i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh. Le Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht[14] i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus le Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú[15] a glacadh i mí Bealtaine 2021, tugtar aghaidh go sonrach ar na gnéithe truaillithe den Chomhaontú Glas don Eoraip. An tráth céanna, leagtar béim sa Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip[16] ar an ngá atá le taighde, le nuálaíocht agus le hinfheistíochtaí le haghaidh teicneolaíochtaí nua chun iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa a neartú agus chun aistriú an tionscail chuig geilleagar atá fíor-inbhuanaithe, níos glaise, níos éifeachtúla agus níos digití a éascú. Leagtar béim sa leagan nuashonraithe den straitéis sin ó mhí na Bealtaine 2021[17] ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí claochlaitheacha.

I measc na mbeartas eile atá ábhartha maidir leis an tionscnamh seo tá an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[18], an Straitéis um Meatán[19] agus Gealltanas Ghlaschú um Meatán, an Straitéis maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[20], an Straitéis Bhithéagsúlachta[21], an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[22], an Straitéis um Ithreacha[23] agus an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe[24].

---

14 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil'* [Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh dar teideal Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách: 'Um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'] COM(2021) 400 final.

16 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip] COM(2020) 102 final.

17 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Straitéis Nua Tionsclaíochta 2020 a thabhairt cothrom le dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] COM(2021) 350 final.

18 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* ['Oiriúnach do 55': Sprioc Aeráide 2030 AE i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach] COM/2021/550 final.

19 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on an EU strategy to reduce methane emissions* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú] COM(2020) 663 final.

20 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate- resilient Europe - the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [An Eoraip a fhorbairt sa tslí go mbeidh sí athléimneach - straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

21 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final.

22 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy*

Sa Chomhaontú Glas don Eoraip, geallann an Coimisiún go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar bhearta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó mhórshuiteálacha tionsclaíocha. Déanann sé é sin go háirithe trí fhéachaint ar raon feidhme na reachtaíochta agus conas reachtaíocht an Aontais a chur go hiomlán i gcomhréir leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach, le beartais aeráide, fuinnimh agus an gheilleagair chiorclaigh, agus na tairbhí le haghaidh na sláinte poiblí agus na bithéagsúlachta araon á gcur san áireamh. Is ionstraimí comhlántacha iad IED agus Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán ('an Rialachán maidir le PRTR Eorpach')[25] lena rialaítear tionchar an tionscail ar an gcomhshaol. Is é is aidhm do IED laghdú de réir a chéile a bhaint amach sa truailliú ó na suiteálacha agraithionsclaíocha is mó in AE[26], agus an tráth céanna, cothrom na hiomaíochta a chaomhnú. Leis an Rialachán maidir le PRTR Eorpach, éascaítear faireachán ar iarrachtaí chun truailliú a laghdú trí fheabhas a chur ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí faoi fheidhmíocht iarbhír suiteálacha.

Tá naisc ag an reachtaíocht sin le go leor beartas eile ós rud é go bhféachann sí le haghaidh a thabhairt ar an mbrú comhshaoil ó shuiteálacha agraithionsclaíocha ar bhealach iomlánaíoch.

Bhí ról tábhachtach ag IED maidir le hastaíochtaí truailleán ón tionscal a laghdú, go háirithe san aer, ach rannchuidigh sé ar bhealach níos teoranta leis an ngeilleagar ciorclach (éifeachtúlacht acmhainní) agus le hastaíochtaí truailleán san uisce a laghdú.

Tá an t-uisce ar cheann de thrí phríomhcholún an 'plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú', arb é is aidhm dó sochaí atá saor ó thocsainí a bhaint amach faoi 2050, agus an truailliú a laghdú go nialas nó go leibhéil nach ndéanann dochar a thuilleadh don dúlra agus do dhaoine. Tugann sé sin le tuiscint ní hamháin go ndéanfar gníomhaíocht iartheachtach, amhail ar leibhéal na ngléasraí cóireála fuíolluisce, ach go ndéanfar gníomhaíocht réamhtheachtach freisin, sna háiteanna ina dtáirgtear agus ina n-úsáidtear substaintí. Tá an togra seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar IED i gcomhréir le reachtaíocht uisce an Aontais Eorpaigh, go háirithe Treoir 2000/60/CE (an Treoir Réime maidir le hUisce[27]), agus an dá threoir lena mbaineann, Treoir 2006/118/CE (maidir le screamhuisce[28])

---

*for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] COM(2020) 381 final.

23 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Soil Strategy for 2030 Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate* [Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ithreacha le haghaidh 2030: An leas a bhainfidh daoine, bia, an dúlra agus an aeráid as ithreacha sláintiúla] COM(2021) 699 final.

24 COM(2022) 142

25 Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle; IO L 33, 4.2.2006, lgh. 1-17.

26 Úsáidtear an téarma 'suiteálacha agraithionsclaíocha' chun gach cineál gníomhaíochta a d'fhéadfaí a rialú le IED a chumhdach, lena n-áirítear go háirithe tionscail dianfhuinnimh agus tógáil beostoic.

27 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce; IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1-73.

28 Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath; IO L 372, 27.12.2006, lgh. 19-31.

agus Treoir 2008/105/CE, arna leasú le Treoir 2013/39/CE, maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce[29].

Le reachtaíocht uisce an Aontais Eorpaigh, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit meath ar stádas gach dobharlaigh a sheachaint agus dea-stádas a bhaint amach le haghaidh gach dobharlaigh, trí chóras bainistíochta comhtháite uisce le haghaidh gach abhantraí. Le timthriallta bainistíochta 6 bliana, déantar measúnú ar stádas éiceolaíoch agus ceimiceach (uiscí dromchla) agus ar stádas cainníochtúil agus ceimiceán (screamhuisce) agus beartaítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar gach brú a bhíonn ar dhobharlaigh, lena n-áirítear ón talmhaíocht, tionscal, teaghlaigh agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile (lena n-áirítear an loingseoireacht, an chosaint ar thuilte agus an hidreachumhacht). I bhfianaise an phlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú, tá sé fógartha ag an gCoimisiún go gcuirfidh sé togra le chéile in 2022 chun rialacha maidir le truailleáin uisce dromchla agus truailleáin screamhuisce a dhéanamh níos déine, mar chuid de thogra reachtach maidir le 'bainistíocht chomhtháite uisce'.

Leis an togra maidir le IED, comhlánaítear na tionscnaimh sin trí, i measc nithe eile, raon feidhme na Treorach a leathnú, forbairt teicneolaíochtaí nua a spreagadh chun astaíochtaí a laghdú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh, athúsáid uisce a chur chun cinn, ceanglais cheadaithe a rialaítear ar bhealach níos fearr agus atá níos comhtháite a áirithiú, agus córas bainistíochta comhshaoil atá sainordaitheach thabhairt isteach. Leis an togra, neartófar an cur chuige comhtháite trí na ceanglais maidir le comhar idir na húdaráis inniúla ábhartha a shoiléiriú. Áirítear sa chomhar sin ceadanna a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, ag brath ar stádas na timpeallachta glactha, agus/nó bearta pleanála chun caighdeáin, cuspóirí, pleananna agus cláir maidir le cáilíocht chomhshaoil faoin reachtaíocht uisce a chomhlíonadh. Cruthófar comhleanúnachas méadaithe freisin trí shoiléiriú a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann le scaoileadh indíreach substaintí truailliúcháin isteach san uisce ó ghléasraí uirbeacha cóireála fuíolluisce. Trí an nuálaíocht a chothú, cuideofar le haghaidh a thabhairt ar shubstaintí ceimiceacha seasmhacha agus ar shubstaintí nua-aitheanta mar ábhair imní, lena n-áirítear substaintí sárfhluarailcile agus pholafluarailcile (PFAS), micreaphlaistigh agus cógais. Tá an méid sin comhsheasmhach leis an straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht, leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chuige straitéiseach i leith earraí cógaisíochta sa chomhshaol[30] agus leis an Teachtaireacht maidir le straitéis chógaisíochta[31].

Leis an bpróiseas 'malartú faisnéise' faoi IED chun na doiciméid tagartha um na teicnící is fearr atá ar fáil (BREFanna) a tharraingt suas agus a athbhreithniú, ba cheart sainaithint na

[29] Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; IO L 348, 24.12.2008, lgh. 84-97.

[30] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *European Union Strategic Approach to Pharmaceuticals in the Environment* [Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Earraí Cógaisíochta sa Chomhshaol] COM(2019) 128 final.

[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pharmaceutical Strategy for Europe* [Straitéis Chógaisíochta don Eoraip] COM(2020) 761 final.

substaintí ar údar imní iad faoi reachtaíocht uisce an Aontais a chur san áireamh. Áirítear orthu sin go háirithe 'liostaí faire' de shubstaintí maidir le screamhuisce agus le huisce dromchla, agus substaintí a shainaithnítear go bhféadfadh riosca nach beag a bheith ag baint leo don chomhshaol uisceach nó tríd an gcomhshaol uisceach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Rachaidh an malartú faisnéise faoi IED chun tairbhe freisin d'fhorbairt beart éifeachtúlachta uisce agus do bhreithniú a dhéanamh ar athúsáid uisce ag suiteálacha agraithionsclaíocha, i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta maidir leis an ngeilleagar ciorclach[32], ina ngealltar go gcuirfear athúsáid uisce chun cinn sa tionscal. Rialachán (AE) 2020/741 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce[33], a glacadh i mí na Bealtaine 2020, tá feidhm aige maidir le hathúsáid uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta ach leagtar béim ann freisin ar an acmhainneacht mhór atá ann maidir le fuíolluisce cóireáilte a athchúrsáil agus a athúsáid chun críoch tionsclaíoch, mar chuid de bhainistíocht chomhtháite uisce agus den gheilleagar ciorclach.

Trí ghníomhaíochtaí áirithe a rialáil ag an bhfoinse, tacaíonn IED leis na Ballstáit a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais ina leagtar síos caighdeáin cáilíochta comhshaoil, amhail an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[34]. Tacaíonn sé freisin leis na Ballstáit a gcuspóirí a bhaint amach faoi reachtaíocht an Aontais lena leagtar síos spriocanna náisiúnta, amhail an Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta[35], an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill[36], agus an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[37].

Maidir le leibhéil astaíochta a bhaineann le BAT, baineadh úsáid as leibhéil IED chun na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a shainmhíniú le haghaidh an Ghnímh Tharmligthe maidir le Gné na hAeráide den Tacsanomaíocht[38]. Tacóidh na bearta athbhreithnithe IED atá beartaithe le Tacsanomaíocht an Aontais maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe le himeacht ama trí chritéir bhreise agus nuashonraithe a shocrú. Cinnfear na critéir sin d'fhonn rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh chun truailliú a chosc agus a rialú, mar aon le cuspóir

32 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Plean nua Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach – Le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020)98 final).

33 Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce; IO L 177, 5.6.2020, lgh. 32-55.

34 Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip; IO L 152, 11.6.2008, lgh. 1-44.

35 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE; IO L 344, 17.12.2016, lgh. 1-31.

36 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013; IO L 156, 19.6.2018, lgh. 26-42.

37 Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE; IO L 315, 14.11.2012, lgh. 1-56.

38 Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile; C/2021/2800 final.

breise a bheith leo mar atá cuidiú leis an Ardán Maoinithe Inbhuanaithe a shainiú cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a shainmhíniú mar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe.

Ar deireadh, cuidíonn IED feabhas a chur ar fheidhmíocht ghinearálta chomhshaoil, trí rannchuidiú le cuspóirí reachtaíocht earnála eile an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear i ndáil le REACH, dramhaíl, agus cosaint an dúlra.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an 8ú clár gníomhaíochta comhshaoil[39], dírítear ar shé chuspóir tosaíochta idirnasctha. Ina measc sin tá:

- Airteagal 2(d) – truailliú nialasach a shaothrú, lena n-áirítear i ndáil le ceimiceáin dhíobhálacha, chun go mbainfí amach timpeallacht atá saor ó thocsainí, lena n-áirítear aer, uisce agus ithir. Tá sé d'aidhm aige freisin truailliú solais agus truailliú torainn a laghdú, agus sláinte agus dea-bhail daoine, ainmhithe agus éiceachóras a chosaint ar rioscaí agus tionchair dhiúltacha a bhaineann leis an gcomhshaol.
- Airteagal 2(f) – gnéithe comhshaoil den inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus na príomhbhrúnna ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas an Aontais a laghdú go suntasach. Baineann sé sin go háirithe le réimsí an fhuinnimh, an tionscail, na bhfoirgneamh agus an bhonneagair, na soghluaisteachta, na turasóireachta, na trádála idirnáisiúnta agus an chórais bia.

Cuideoidh an togra IED leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

Mar gheall ar an staid nua gheopholaitiúil agus staid nua an mhargaidh fuinnimh, ní mór don Aontas dlús ollmhór a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus neamhspleáchas an Aontais ó sholáthróirí neamhiontaofa agus ó bhreoslaí iontaise luaineacha a mhéadú. Mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin in 2022, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh REPowerEU[40] athléimneacht an chórais fuinnimh ar fud an Aontais a mhéadú trí sholáthairtí gáis a éagsúlú agus úsáid breoslaí iontaise a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, trí fhoinsí in-athnuaite agus an leictriú a mhéadú, agus trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill sa bhonneagar. Cuireann an t-athbhreithniú ar an Treoir le hathléimneacht an chórais fuinnimh ar fud an Aontais trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na bpróiseas tionsclaíoch san Aontas.

Tionscnamh píolótach is ea an Treoir seo atá beartaithe, de réir an phrionsabail 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' de chuid an Choimisiúin chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Tá faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil tacaíochta ar an measúnú tionchair maidir leis an ualach riaracháin a mheastar a bheidh ann de thoradh ar an togra. Sa roinn den mheabhrán seo

---

39 Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030; COM/2020/652 final.

40 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún REPowerEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe; COM(2022) 108 final.

maidir le hoiriúnacht rialála agus simpliú, leagtar amach na bearta a bheartaítear chun ualach riaracháin an togra a theorannú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192 CFAE an bunús dlí atá leis an togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus 192(1) CFAE, ceanglaítear ar an Aontas Eorpach rannchuidiú leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó fadhbanna comhshaoil ar fud an domhain, agus an t-athrú aeráide a chomhrac.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach, mar atá ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú agus feabhas a chur ar cháilíocht chomhshaoil ar fud an Aontais. De bharr chineál trasteorann an truaillithe ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha, is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, rud a thugann bonn cirt do ghlacadh beart ag an Aontas i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Scaipeann truailliú ó shuiteálacha agraithionsclaíocha thar theorainneacha náisiúnta agus ní féidir le Ballstát amháin rialú ar thruailliú a bhaint amach go leordhóthanach leis féin. Ina theannta sin, tá dlúthnasc idir oibriú gléasraí tionsclaíocha agus feidhmiú an mhargaidh aonair. In éagmais cur chuige uile-Aontais maidir le caighdeáin feidhmíochta comhshaoil a shocrú, bheadh rialacháin dhifriúla maidir le rialú ar thruailliú i bhfeidhm ar na tionscail chéanna sna Ballstáit éagsúla, rud a d’fhágfadh an riosca go gcruthófaí éagothroime iomaíochta, go ndéanfaí an margadh aonair a scoilteadh agus go gcuirfí bac ar iarrachtaí an Aontais cuspóir an Chonartha a shaothrú, mar atá ardleibhéal cosanta an chomhshaoil agus shláinte an duine a bhaint amach.

- **Comhréireacht**

Le dearadh IED, áirithítear comhréireacht na dtorthaí trí (i) BAT a shainmhíniú mar an raon teicnící a bhfuil sé cruthaithe go n-oibríonn siad agus arb iad na teicnící is éifeachtaí ó thaobh an chomhshaoil de agus is inmharthana ó thaobh an gheilleagair de a úsáidtear in earnáil, agus (ii) mhaoluithe a cheadú i gcásanna aonair ina bhfágfadh cur i bhfeidhm cheanglais BAT ar fud an Aontais costais a mbeadh níos airde, ar bhealach díréireach, ná na tairbhí comhshaoil/sláinte a raibh súil leo.

Déantar measúnú sa mheasúnú tacaíochta tionchair ar thionchar na n-athbhreithnithe uile a bheartaítear ar IED. Tá measúnú cáilíochtúil agus cainníochtúil araon déanta a léiríonn go bhfuil na tograí comhréireach, i.e. go bhfuil na tairbhí sochaíocha i bhfad níos airde ná na costais a thabhófar.

Na bearta a mbeidh an tionchar is mó acu, sainaithníodh arb iad an raon feidhme a leathnú chun feirmeacha eallaigh agus líon níos mó feirmeacha muc agus éanlaithe clóis a chumhdach. Cuirtear luach airgid breis agus EUR 5.5 billiún in aghaidh na bliana ar na tairbhí sláinte agus comhshaoil a d’fhágfadh astaíochtaí laghdaithe meatáin agus amóinia, agus an tráth céanna, is é EUR 265 milliún na costais chomhlíontachta agus is é EUR 223 milliún na costais riaracháin (riaracháin agus oibreoirí), rud a fhágann fachtóir costais is tairbhe an-tairbheach de 11.

- **An rogha ionstraime**

Is trí Threoir is fearr is féidir cuspóirí an togra a shaothrú. Is í seo an ionstraim dlí is iomchuí chun leasuithe a dhéanamh ar an Treoir atá ann cheana maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (Treoir 2010/75/AE).

Ceanglaítear le Treoir ar na Ballstáit a cuspóirí a bhaint amach agus na bearta a chur chun feidhme ina gcórais dlí shubstaintigh agus nós imeachta náisiúnta. Bíonn saoirse níos mó ag na Ballstáit faoin gcur chuige sin agus beart de chuid an Aontais á chur i bhfeidhm acu ná mar a bhíonn i gcás Rialacháin, sa mhéid is go bhfágtar go bhfuil na Ballstáit in ann an bealach is iomchuí a roghnú chun na bearta sa Treoir a chur chun feidhme. Ar an dóigh sin, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na rialacha leasaithe leabaithe ina gcreat dlíthiúil substainteach agus nós imeachta chun IED an Aontais a chur chun feidhme, go háirithe maidir le ceadanna a rialáil le haghaidh suiteálacha chomh agus bearta forfheidhmiúcháin agus pionóis.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Fuarthas amach sa mheastóireacht ar IED a rinneadh in 2020[41] go raibh sé éifeachtach ó thaobh tionchair ar an gcomhshaol agus saobhadh iomaíochta san Aontas Eorpach a laghdú. D'éirigh leis bpróiseas comhoibríoch chun BREFanna a tháirgeadh agus BAT a shainaithint, ar a dtugtar 'Próiseas Sevilla' freisin, agus aithnítear é mar shamhail de rialachas comhoibríoch.

De bharr IED, tá laghdú substaintiúil tagtha ar astaíochtaí truailleán san aer, agus san uisce, ach ní an oiread céanna. Laghdaíodh dá bharr astaíochtaí isteach san ithir ó shuiteálacha IED. Is deacra measúnú a dhéanamh ar a thionchair ar éifeachtúlacht acmhainní, ar an ngeilleagar ciorclach agus ar an nuálaíocht; is cosúil go bhfuil rannchuidiú dearfach teoranta déanta aici. Tá feabhas áirithe tagtha ar ghnéithe eile, amhail rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus rochtain ar an gceartas.

Ba é ceann de thorthaí na meastóireachta go raibh IED éifeachtúil den chuid is mó. Is mó i bhfad na tairbhí a bhaineann le conclúidí BAT ná na costais. Níor sainaithníodh aon chostas riaracháin atá díréireach nó nach bhfuil gá leis. Tá tionchair éagsúla ar iomaíochas an Aontais ach ní léiríonn aon fhianaise gur mórthionchair iad.

Measann gach grúpa páirtithe leasmhara go bhfuil IED ábhartha. Is féidir leis freagra a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil a thagann chun cinn, d'ainneoin fad phróiseas BREF. Cé nach bhfuil rannchuidiú mór déanta ag IED leis an dícharbónú, tá malairt tuairimí ann faoi an bhfuil sé ábhartha maidir leis.

Ba é ceann de thorthaí na meastóireachta go raibh IED comhleanúnach go hinmheánach agus le beartais eile de chuid an Aontais, ach d'fhéadfaí rannchuidiú níos mó a dhéanamh leis na beartais sin. Tá cuid áirithe dúshlán ann maidir le brí a bhaint as agus is gá na ceisteanna sin a shoiléiriú.

[41] Supra Uimh. 2

Measadh go gcuireann IED breisluach nach beag AE ar fáil. Áirithítear leis ceanglais níos comhsheasmhaí chun truailliú tionsclaíoch a laghdú, lena n-áirítear trí fhaireachán agus trí fhorfheidhmiú, agus an tráth céanna, laghdaítear leis saobhadh an mhargaidh aonair. In éagmais gníomhaíocht ón Aontas, ní bheadh na caighdeáin chomh dian céanna ann agus bheadh níos lú tairbhí sláinte agus chomhshaoil ann. Ní féidir le Ballstáit aonair próiseas BREF a dhéanamh ar an gconlán féin, agus tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann tíortha nach Ballstáit den Aontais iad as. Tá cur chuige díláraithe IED i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

Sainaithníodh sa mheastóireacht roinnt réimsí ina ndealraíonn sé nach bhfuil feidhmíocht IED chomh sásúil is a bhí inmhianaithe maidir le hastaíochtaí truailleán a laghdú, go háirithe isteach san uisce, maidir le rannchuidiú le hastaíochtaí GCT a laghdú, le táirgeadh saor ó thocsainí a chur chun cinn, agus le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus athúsáid acmhainní. Tá na réimsí sin lárnach maidir leis an athbhreithniú ar IED a fógraíodh sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí an measúnú tionchair a ghabhann leis an athbhreithniú comhcheangailte ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED) agus ar an Rialachán maidir le PRTR Eorpach faoi réir próiseas críochnúil comhairliúcháin. Áiríodh leis sin raon gníomhaíochtaí éagsúla comhairliúcháin arbh é b’aidhm dóibh tuairimí na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir a bhailiú agus a áirithiú gur cuireadh tuairimí eagraíochtaí éagsúla agus tuairimí cineálacha éagsúla páirtithe leasmhara san áireamh.

Ar an gcéad dul síos, maidir leis an measúnú ar thionchar tionscanta a foilsíodh, soláthraíodh aiseolas tosaigh trí thairseach idirghníomhach ‘Cloisimis Uait!’ de chuid an Choimisiúin (154 fhreagra; tréimhse chomhairliúcháin ón 24 Márta 2020 go dtí an 21 Aibreán 2020). Ina dhiaidh sin bhí comhairliúchán poiblí comhpháirteach maidir le IED agus PRTR Eorpach (suirbhé ar líne trí thairseach idirghníomhach ‘Cloisimis Uait!’ de chuid an Choimisiúin; 336 fhreagra; ón 20 Nollaig 2020 go dtí an 23 Márta 2021). Bhí 24 cheist sa suirbhé, ar bhain 4 cinn acu le PRTR Eorpach go sonrach.

Ansin, rinneadh suirbhé spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara ón 8 Feabhra go dtí an 9 Aibreán 2021. Is é a bhí i gceist leis suirbhé ar líne de chineál níos mionsonraithe (235 fhreagra), chun an bonn fianaise a fheabhsú a thuilleadh trí aiseolas níos speisialaithe a bhailiú ó ghrúpaí sonracha páirtithe leasmhara maidir le sé réimse fadhbanna, agus iad grúpáilte de réir na roghanna a bhí á mbreithniú sa staidéar measúnaithe tionchair.

Is iad seo a leanas na réimsí fadhbanna sin: i) tá truailliú sa chomhshaol; ii) tá géarchéim aeráide ar siúl; iii) tá acmhainní nádúrtha á n-ídiú; iv) ní féidir le teicníochtaí úrscothacha freagra sásúil a thabhairt ar réimsí fadhbanna i) go dtí iii); v) maidir le tionchair arb iad gléasraí agraithionsclaíocha is cúis leo, níl ach deiseanna teoranta ag daoine aonair iad féin a chur ar an eolas fúthu nó gníomhaíocht a dhéanamh fúthu; agus vi) d’fhéadfadh ualaí iomarcacha difear a dhéanamh d’éifeachtúlacht na hionstraime beartais.

Comhlánaíodh an t-aiseolas a fuarthas trí na suirbhéanna sin freisin trí dhul i gcomhairle le fócasghrúpaí, i mí an Mheithimh agus mí Lúnasa 2021, chun páirtithe leasmhara a spreagadh páirt a ghlacadh i bplé níos doimhne maidir le téamaí tábhachtacha. Roghnaíodh páirtithe leasmhara ar bhonn a n-ionadaíochta earnála agus chun dáileadh maith geografach agus de réir cineál páirtí leasmhair a áirithiú idir eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, ionadaithe tionscail agus aireachtaí agus údaráis inniúla na mBallstát, chun plé cothrom a chumasú.

Ar deireadh, reáchtáladh dhá cheardlann le haghaidh páirtithe leasmhara go cianda, an 15 Nollaig 2020 agus 7-8 Iúil 2021.

Ba é tuairim na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha sochaí shibhialta agus comhshaoil go bhfuil na réimsí fadhbanna uile thuas an-ábhartha, go háirithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

- nach dtugann IED aghaidh ar an tionchar ar an gcomhshaol ná ar an dícharbónú go leordhóthanach;
- an gá liosta truailleán PRTR Eorpach a thabhairt cothrom le dáta ar bhealach níos tapúla chun bagairtí nua a chur san áireamh; agus
- rochtain theoranta ar fhaisnéis faoi leibhéil feidhmíochta suiteálacha.

Mheas gach grúpa páirtithe leasmhara gur saincheist thábhachtach í an rochtain theoranta sin ar fhaisnéis nach mór aghaidh a thabhairt uirthi.

Bhí difríochtaí, áfach, san aiseolas ó chomhlachais tionscail agus ghnó, a bhí níos neodraí (gan bheith diúltach) maidir le saincheisteanna a aithint a bhaineann le héifeachtúlacht acmhainní agus le táirgeadh nach bhfuil chomh tocsaineach céanna. Bhí comhlachais tionscail agus ghnó níos neodraí freisin agus iad ag aithint an gá tacú le dícharbónú, ag cur i dtrácht na costais tuairiscithe bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann agus na rioscaí go mbeadh forluí ann leis an gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA)[42]. Maidir le raon feidhme teoranta na Treorach, thug comhlachais tionscail agus ghnó saincheisteanna costais dá n-aire, agus d'áitigh siad gur leordhóthanach na córais náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais atá ann cheana chun dul i ngleic le formhór na ndeacrachtaí a bhí ann.

D'aontaigh na páirtithe leasmhara uile go raibh rannchuidiú IED rótheoranta maidir le nuálaíocht a éascú agus a chur chun cinn, chomh maith le leas a bhaint aisti.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair, as ar tháinig tuairim dhearfach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála[43] dar dáta an 10 Nollaig 2021.

Rinneadh cúig rogha beartais atá idirnasctha go páirteach ach neamhspleách ar a chéile a mholadh agus a mheasúnú; tugadh na fo-roghanna a roghnaíodh le haghaidh gach réimse fadhbanna le chéile chun an pacáiste tosaíochta beartais seo a leanas a chruthú:

- Éifeachtacht: cur chun feidhme iomlán na 24 bheart optamaithe agus nuashonraithe.
- Nuálaíocht: tá saoirse ag gníomhaithe atá chun cinn ar an slua teicnící núíosacha a thástáil, mar aon le lárionad nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha (INCITE) a bhunú agus pleananna claochlaithe oibreoirí le haghaidh 2030.
- Úsáid acmhainní agus ceimiceáin: córas feabhsaithe bainistíochta comhshaoil.
- Dícharbónú: tabharfar íosleibhéil éifeachtúlachta fuinnimh isteach, chun éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú agus tomhaltas fuinnimh a íoslaghdú. Déanfar athbhreithniú ar na sineirgí idir IED agus CTA in 2028, lena gcumasófar sineirgí optamacha ó 2030 amach.
- Raon feidhme earnálach: tiocfaidh gníomhaíochtaí breise faoi raon feidhme IED, dianthógáil eallaigh go príomha, mar aon le gníomhaíochtaí eastóscacha áirithe.

[42] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle; IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32-46.

[43] Ares(2021)7643865 – 10/12/2021

Meastar go mbeidh tionchair an phacáiste tosaíochta mar a leanas. Ar an iomlán, meastar go mbeidh na tairbhí i bhfad níos mó ná na costais.

Cé nach rabhthas in ann na tionchair uile a chainníochtú agus luach airgid a chur orthu, meastar go bhfuil tairbhí sláinte idir EUR 860 milliún agus EUR 2.8 billiún in aghaidh na bliana ag an tacar beart lena gcuirfear feabhas ar éifeachtacht na Treorach, agus go mbeidh costais CAPEX/OPEX atá thart ar EUR 210 milliún in aghaidh na bliana i gceist.

Meastar go mbeidh an t-ualach riaracháin foriomlán a bhainfidh leis an togra ina iomláine EUR 250 milliún in aghaidh na bliana i gcás oibreoirí tionsclaíocha agus EUR 196 milliún in aghaidh na bliana i gcás údaráis phoiblí.

Dá leathnófaí cumhdach feirmeacha beostoic thiocfadh laghdú ar astaíochtaí meatáin agus amóinia, lena mbainfeadh tairbhí sláinte de bhreis agus EUR 5.5 billiún in aghaidh na bliana. Beidh laghdú bliantúil 184 kt de mheatán agus 59 kt d'amóinia ar a laghad ann de bharr leathnú chumhdach 10 % de na feirmeacha eallaigh is mó, a ghineann 41 % d'astaíochtaí na hearnála. Tríd an gcumhdach ar fheirmeacha muc agus éanlaithe clóis a leathnú chun an 18 % is mó d'fheirmeacha muc agus 15 % d'fheirmeacha éanlaithe clóis a áireamh, a ghineann 85 % agus 91 % d'astaíochtaí na n-earnálacha faoi seach, laghdófar astaíochtaí bliantúla faoi 135 kt de mheatán agus 33 kt d'amóinia ar a laghad ó fheirmeacha muc, agus faoi 62 kt d'amóinia ar a laghad ó fheirmeacha éanlaithe clóis. Le méadú raon feidhme den sórt sin, méadófar cumhdach IED ó 18 % go 60 % d'astaíochtaí amóinia a eascraíonn as tógáil eallaigh, muc agus éanlaithe clóis; agus ó 3 % go 43 % d'astaíochtaí meatáin. Meastar go bhfuil na costais ghaolmhara chomhlíontachta thart ar EUR 265 milliún in aghaidh na bliana.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr, ullmhaíodh an togra seo ar bhealach cuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht iomlán agus rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara, ag éisteacht le haiseolas seachtrach agus ag cur grinnscrúdú seachtrach san áireamh chun a áirithiú go mbainfear an chothromaíocht cheart amach sa togra.

Is toradh é IED ar thionscnamh maidir le rialáil níos fearr lena ndearnadh seacht dTreoir a chumasc agus a shimpliú[44] agus lena ndearnadh gnéithe riaracháin a chuíchóiriú, lena n-áirítear thart ar leath de cheanglais tuairiscithe a bhaint[45]. Cé go gcuireann sé sin teorainn leis an bhféidearthacht tuilleadh cuíchóirithe a dhéanamh, chuir na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ar chumas an Choimisiúin roinnt soiléirithe agus simplithe breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Treoir a shainaithint. Réiteoidh na cinn a léiríonn páirtithe leasmhara spéis dhearfach iontu neamhchinnteachtaí a bhaineann leis an bpróiseas ceadaithe.

Baineann sé sin, go háirithe, le forálacha áirithe a shoiléiriú maidir le gású, leachtú agus pirealú ar gníomhaíochtaí tábhachtacha iad chun geilleagar ciorclach ísealcharbóin a bhaint amach. Tá sé i gceist le gnéithe eile tagairtí do reachtaíocht eile de chuid an Aontais ina leagtar amach liostaí de thruailleáin ábhartha a chur in ionad liosta táscach na dtruailleán in Iarscríbhinn II, agus critéir chomhchuibhithe a bhunú chun comhlíontacht a mheasúnú ar fud an Aontais. Cuirfidh an dá bheart feabhas ar an deimhneacht dhlíthiúil maidir leis na rialacha is infheidhme i ndáil le hoibreoirí uile IED. Thairis sin, rachaidh réiteach neamhréireachtaí

[44] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin – Doiciméad a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (athmhúnlú) MEASÚNÚ TIONCHAIR [COM(2007) 843 final] [COM(2007) 844 final] [SEC(2007) 1682], SEC/2007/1679 final.

[45] Seiceáil Oiriúnachta ar Thuairisciú agus ar Fhaireachán ar Bheartas Comhshaoil an Aontais, SWD(2017) 230 final.

sna cineálacha cur chuige measúnaithe comhlíontachta a úsáidtear faoi Chaibidlí II, III agus IV de IED a chun tairbhe do thart ar 4 000 oibreoir ollghléasraí dócháin agus loisceoirí dramhaíola.

Ina theannta sin, tabharfar isteach córas ceadaithe ar leithligh atá níos éadroime le haghaidh 20 000 feirm beostoic atá á rialú faoi láthair ag IED agus le haghaidh na bhfeirmeacha sin a thabharfar faoina raon feidhme den chéad uair, na gnólachtaí is lú atá á rialú ag an IED; rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin faoi EUR 113 milliún in aghaidh na bliana.

Le códú ar an reachtaíocht tar éis an ghníomh athbhreithnithe a ghlacadh, beifear in ann forálacha atá imithe i léig a bhaint.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[46].

De bhun Airteagal 52(1) den Chairt, ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Leis an togra seo, baintear an chothromaíocht cheart amach idir an ceart bunúsach mar atá an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart bunúsach chun maoine agus cearta bunúsacha eile (comhshaol, sláinte, leigheas).

Tá an teorannú ar an gceart mar atá an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoine teoranta don mhéid is gá chun na cearta bunúsacha eile thuasluaite agus cuspóirí leasa ghinearálta a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt.

Leis an togra, rannchuidítear leis an gcuspóir mar atá ardleibhéal cosanta comhshaoil i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt; leis an gceart chun beatha agus iomláine an duine agus a shláinte mar a leagtar síos in Airteagail 2, 3 agus 35 den Chairt; agus leis an gceart chun cosanta tomhaltóirí mar a leagtar síos in Airteagal 38.

Rannchuidíonn sé freisin leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt, i ndáil le sláinte an duine a chosaint.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Léirítear sa ráiteas airgeadais atá i gceangal leis seo na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá. Beidh impleachtaí buiséadacha ag an togra le haghaidh an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) i dtéarmaí na n-acmhainní daonna agus riaracháin is gá. Beidh níos mó cúraimí cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin ar an gCoimisiún de thoradh raon feidhme méadaithe na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus gnéithe comhshaoil a chumhdaítear le IED. Ina theannta sin, beidh ról méadaithe ag an gCoimisiún i mbainistíocht an ionaid nuálaíochta agus na hoibre níos forleithne chun BREFanna agus conclúidí BAT a dhréachtú, cúraimí a mbeidh coibhéis ceathrar ball foirne lánaimseartha breise san iomlán ag teastáil ina leith.

[46] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

Tacóidh ECHA leis an gCoimisiún tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) ionchur a sholáthar don mhalartú faisnéise maidir le BAT agus le teicnící atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear substaintí ábhartha le haghaidh gach earnála a shainaithint agus a roghnú, dea-chleachtas earnáilsonrach a fhorbairt maidir le húsáid na substaintí is sábháilte ar an margadh, agus (2) uirlisí agus treoir a sholáthar lena n-úsáid ag oibreoirí IED agus iad ag ullmhú na caibidle ceimiceán dá gcóras bainistíochta comhshaoil. Beidh coibhéis triúr ball foirne lánaimseartha breise san iomlán ag teastáil ina leith.

Tá thart ar EUR 8 200 000 ag teastáil in aghaidh na bliana chun an saineolas is gá a mhaoiniú chun tacú leis an gCoimisiún i roinnt sruthanna oibre a bhaineann le INCITE agus chun BREFanna agus conclúidí BAT a dhréachtú.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leanfaidh astaíochtaí foriomlána truailleán de réir earnála, bunaithe ar shonraí arna dtuairisciú ag oibreoirí chuig PRTR Eorpach, de bheith ina bpríomhtháscairí chun dul chun cinn a rianú i gcomparáid le cuspóirí an tionscnaimh seo. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán maidir le PRTR Eorpach i gcomhthráth leis an athbhreithniú ar an Treoir seo agus beifear in ann, dá bharr sin, faireachán níos fearr a dhéanamh amach anseo ar thionchar IED ar fheidhmíocht chomhshaoil tionscail ar leibhéal na hearnála.

- Leis an méadú ar an ngráinneacht tuairiscithe maidir le hastaíochtaí truailleán ar an leibhéal suiteála, beifear in ann anailís a dhéanamh ar na príomhphróisis laistigh de na hearnálacha a bhfuil a bhfeidhmíocht chomhshaoil ag feabhsú nó ag titim ar gcúl.
- Le tuairisciú ar úsáid acmhainní a chuimsiú, beifear in ann táscairí nua a shainaithint, maidir le húsáid ábhar, uisce agus fuinnimh, lena gcumasófar feabhsuithe ar éifeachtúlacht acmhainní a rianú.
- Trí nuashonrú níos dinimiciúla a dhéanamh ar an liosta substaintí a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le PRTR Eorpach beifear in ann táscairí astaíochta a shainaithint le haghaidh substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn agus substaintí is ábhar imní faoi láthair. Leis sin, beifear in ann feabhsuithe a rianú ar úsáid agus ar bhainistíocht substaintí den sórt sin.

Cuideoidh na feabhsuithe sin freisin a áirithiú go mbeifear in ann an faireachán sin a úsáid go héifeachtach sa chreat faireacháin agus ionchais truaillithe nialasaigh, ar creat níos leithne é agus a fhoilseofar gach 2 bhliain ó 2022 amach[47]. Cuideoidh sonraí maidir le truailliú aeir, uisce agus ithreach a bheidh ar fáil de bharr faireachán truaillithe nialasaigh le meastóireacht a dhéanamh ar na tionchair a bheidh ag laghduithe astaíochtaí ó shuiteálacha a thagann faoi raon feidhme IED agus an Rialacháin maidir le PRTR Eorpach.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar IED, dírítear go mór ar a áirithiú go n-úsáidfear raon iomlán na leibhéal astaíochta a bhaineann le BAT (AELanna). Leis an achoimre

---

[47] **Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal** ***Towards a monitoring and outlook framework for the zero pollution ambition*** **[I dtreo creat faireacháin agus ionchais le haghaidh na huaillmhéine maidir le truailliú nialasach] a ghabhann leis an doiciméad** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil'* [Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh dar teideal Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách: 'Um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú']; SWD(2021) 141 final.

chaighdeánaithe ceada a bheidh ann amach anseo, beidh sé i bhfad níos éasca na teorainnluachanna astaíochta a shocraítear le ceadanna a bhailiú, trí uirlisí ríomhaireachta uathoibrithe. Leis sin, beifear in ann anailís earnáil ar earnáil a dhéanamh ar dháileadh na dteorainnluachanna astaíochta laistigh de na raonta BAT-AELanna, ag deireadh na dtimthriallta athbhreithnithe ceada arna dtionscnamh ag glacadh le conclúidí BAT agus beidh an fhaisnéis sna ceadanna níos soiléire don phobal dá bharr sin.

Braithfidh scála an dul chun cinn maidir le laghdú astaíochtaí ar na nithe seo a leanas: dul chun cinn teicneolaíochta; na torthaí ón ionad nuálaíochta; aon athbhreithniú BREF a dhéanfar níos minice; agus aon ghníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh dá thoradh sin. Beidh sé tábhachtach freisin faireachán a dhéanamh ar luas agus ar ghlacadh na nuálaíochta agus ar an gclaochlú a thagann as sin ar earnálacha IED a theastaíonn chun cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais le haghaidh 2030 agus 2050 a bhaint amach. Leis an achoimre chaighdeánaithe ceada, beifear in ann líon na gcásanna a chainníochtú i gcás inar úsáideadh solúbthachtaí nua chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe chun cinn ar an slua agus teicnící atá ag teacht chun cinn á dtástáil agus á n-úsáid acu. Beidh sé níos casta faireachán a dhéanamh ar tionchair níos forleithne ar dhinimic nuálaíochta. Leagfar táscairí nua amach ar scórchlár claochlaithe thionsclaíoch a fhoilseoidh an lárionad nuálaíochta. Féadfaidh an lárionad táscairí a fhorbairt amhail:

- leibhéal ullmhacht theicneolaíoch na dteicneolaíochtaí claochlaitheacha de réir earnála;
- feidhmíocht astaíochtaí na dteicneolaíochtaí claochlaitheacha;
- an amlíne glactha teicneolaíochtaí den sórt sin a bhfuil coinne léi;
- fad chuig táscairí sprice le haghaidh gach earnáil IED.

Le foilsiú tréimhsiúil faisnéise cur chun feidhme ag na Ballstáit, comhlánófar na táscairí sin, trí fhaisnéis atá inrochtana go héasca, atá inléite ag meaisín a sholáthar i bhformáid choiteann maidir le príomhfhorálacha trí mhodhanna dinimiciúla TF. Áireofar leis sin faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

- solúbthachtaí a dheonú chun tacú le teicnící claochlaitheacha;
- coinníollacha ceada níos déine a shocrú, i gcás inar gá chun caighdeáin cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh;
- maoluithe a dheonú lena gceadaítear astaíochtaí truailleán atá níos airde ná an raon BAT-AELanna;
- gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a rinneadh.

Déanfar faireachán ar thuairimí maidir le feabhas ar an tsoiléireacht dhlíthiúil trí phróiseas BREF, trí ríomhshuirbhéanna a sheoladh chuig pobal páirtithe leasmhara IED.

An t-athbhreithniú ar an idirghníomhaíocht idir IED agus CTA agus forbairtí maidir le dícharbónú, a mheastar a dhéanfar roimh 2030, beidh sé ina chloch mhíle thábhachtach chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcur chuige beartais athchóirithe agus níos iomlánaíche sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

(a) Leasuithe ar Threoir 2010/75/AE

Is é is aidhm don leasú ar **Airteagal 1** a shoiléiriú go sainráite go leagtar síos leis an Treoir seo rialacha atá ceaptha cosc a chur ar astaíochtaí isteach san aer, san uisce nó sa talamh, nó i

gcás nach bhfuil sé sin indéanta, na hastaíochtaí sin a laghdú, agus cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach; i gcomhréir le hAirteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Cuirtear soiléiriú sainráite den sórt sin isteach in Airteagail eile freisin i gcás inar gá.

Is é is aidhm do leasuithe ar **Airteagal 3** sainmhínithe ábhartha a sholáthar ar choincheapa nua nó ar eilimintí nua atá á gcur leis an Treoir de bhua a raon feidhme a leathnú nó a forálacha a neartú.

Is é is aidhm do leasuithe ar **Airteagal 5** tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar na ceanglais trédhearcachta a ghabhann le ceadanna arna ndeonú faoin Treoir seo, i gcomhthéacs cleachtas éagothrom i measc na mBallstát. Cuirfear ceadanna den sórt sin ar fáil don phobal ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin, agus cuirfear achoimre aonfhoirmeach ceadanna ar fáil don phobal.

D'fhéadfadh teagmhais nó timpistí difear nach beag a dhéanamh don chomhshaol nó do shláinte an duine lasmuigh de theorainneacha chríoch náisiúnta an Bhallstáit ina dtarlaíonn siad. I gcásanna den sórt sin, de bhun leasuithe ar **Airteagal 7**, ní mór faisnéis thrasteorann a chur ar fáil láithreach, mar aon le comhar ildisciplíneach.

Tá sé d'aidhm ag leasuithe ar **Airteagal 8** na rialacha is infheidhme a dhéanamh níos déine i gcás ina sáraítear coinníollacha ceada agus na cumhachtaí atá ag an údarás inniúil a leathnú maidir le hoibríochtaí suiteála a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís.

Maidir le haonaid dócháin nó aonaid eile a astaíonn dé-ocsaíd charbóin atá faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE freisin lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas, is é is aidhm don leasú ar **Airteagal 9** aon cheanglas a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a dhéanamh sainordaitheach.

Is é is aidhm do leasuithe ar **Airteagal 11** ceanglais a thabhairt isteach, mar chuid d'oibleagáidí bunúsacha an oibreora, maidir le héifeachtúlacht acmhainní, maidir le feidhmíocht fhoriomlán chomhshaoil an tslabhra soláthair ar feadh a shaolré a chur san áireamh agus maidir le córas bainistíochta comhshaoil.

I gcomhthéacs an mhalartaithe faisnéise as a dtagann doiciméid tagartha BAT (BREFanna) a tharraingt suas agus a athbhreithniú, tá dhá aidhm ag leasuithe ar **Airteagal 13**. Ar an gcéad dul síos, d'fhonn sineirgí a fhorbairt idir an obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) maidir le ceimiceáin agus forbairt BREFanna, is iomchuí ról foirmiúil a thabhairt do ECHA. Ar an dara dul síos, ba cheart láimhseáil faisnéise rúnda gnó a bhailítear ón tionscal a shonrú chun an malartú faisnéise a éascú lena dtacaítear le leibhéil astaíochta agus leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a chinneadh, agus rúndacht na faisnéise gnó ábhartha á caomhnú an tráth céanna.

Déantar roinnt leasuithe ar **Airteagal 14** maidir le coinníollacha ceada, d'fhonn na ceanglais a ghabhann le ceadanna arna ndeonú faoin Treoir seo a neartú; lena n-áirítear dualgas ar na Ballstáit a áirithiú go rachfar i gcomhairle go cuí le gach údarás a áirithíonn comhlíonadh reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, caighdeáin cáilíochta comhshaoil, sula ndeonófar cead. Thairis sin, is iomchuí tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn II maidir le truailleáin i Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 lena mbunaítear Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán arna leasú. Go deimhin, trí shubstaintí aonair a

liostú ar bhealach neamh-uileghabhálach, níl Iarscríbhinn II den Treoir seo maidir le liosta na substaintí truailliúcháin comhoiriúnach leis an gcur chuige iomlánaíoch atá á lorg ná leis an ngá go gcuirfear na húdaráis inniúla na substaintí truailliúcháin ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn. Ba cheart, dá bhrí sin, an liosta neamh-uileghabhálach sin de shubstaintí truailliúcháin a scriosadh. Thairis sin, is gá freisin an gaol idir an Treoir seo agus Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú[48] a shoiléiriú. I gcás ina dtagann an ghníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe 3.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo faoi raon feidhme Threoir 2006/21/CE freisin, beidh tús áite ag conclúidí BAT arna mbunú de bhun Airteagal 13(5) IED chun críoch ceadaithe faoi Threoir 2010/75, ar BAT dá dtagraítear in Airteagal 21(3) de Threoir 2006/21/CE.

Cuirtear **Airteagal 14a** nua isteach sa Treoir, lena gceanglaítear ar an oibreoir córas bainistíochta comhshaoil (EMS) a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le conclúidí ábhartha BAT, d'fhonn feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht agus sábháilteacht na suiteála ó thaobh an chomhshaoil agus na héifeachtúlachta fuinnimh de. Tá naisc in Airteagal 14 bis freisin leis an oibleagáid iniúchóireachta faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[49], agus ar an mbealach sin neartaítear an dá thogra.

Moltar roinnt feabhsuithe chun rialacha a dhéanamh níos déine faoi **Airteagal 15**. Ar an gcéad dul síos, tugtar soiléiriú ar na coinníollacha faoina bhféadfaidh an t-údarás inniúil na próisis chóireála iartheachtacha i ngléasra cóireála fuíolluisce a chur san áireamh agus na teorainnluachanna astaíochta is infheidhme maidir le scaoilte truailleán san uisce á socrú aige i gcead IED, chun a áirithiú nach bhfágfaidh scaoilte den sórt sin go mbeidh ualach méadaithe truailleán in uiscí glactha i gcomparáid le staid ina gcuirfidh an tsuiteáil IED BAT i bhfeidhm agus ina gcomhlíonfaidh sí BAT-AELanna i gcás scaoilte díreacha. Ar an dara dul síos, cuirtear BAT i bhfeidhm go hilchineálach ó Bhallstát go chéile, ó earnáil tionscail go chéile agus fiú ó shuiteáil aonair thionsclaíoch go chéile; socraítear idir 75 % agus 85 % de theorainnluachanna astaíochta uile i gceadanna ag an gceann is lú éileamh de na raonta BAT-AELanna[50], rud a fhágann nach mbaintear na laghduithe astaíochtaí inmhianaithe amach. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis inniúla na teorainnluachanna astaíochta a shocrú ag an gceann is ísle den raon BAT-AELanna ábhartha, mura léiríonn an t-oibreoir nach mbeidh ina thoradh ar chur i bhfeidhm BAT, mar a thugtar tuairisc orthu i gconclúidí BAT, ach comhlíonadh teorainnluachanna astaíochta nach bhfuil chomh dian sin. Ar an tríú dul síos, chun astaíochtaí truailleán ó shuiteálacha IED a chosc nó a íoslaghdú agus chun cothrom na hiomaíochta ar fud an Aontais a áirithiú, is gá na coinníollacha faoinar féidir maoluithe ar theorainnluachanna astaíochtaí a dheonú a leagan amach ar bhealach níos fearr, i gcomhréir le prionsabail atá le socrú in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo, agus le modheolaíocht chaighdeánaithe chun an díréireacht idir na costais a bhaineann le conclúidí BAT a chur chun feidhme agus na tairbhí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann, atá le glacadh i ngníomh cur

48 Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE; IO L 102, 11.4.2006, lch. 15.

49 Supra Uimh. 34.

50 Is i raonta a shloinntear BAT-AELanna de ghnáth, ar raonta iad lena soláthraítear feidhmíocht chomhshaoil chiseán BAT agus lena léirítear éagsúlacht na suiteálacha san Aontas Eorpach. Ba cheart d'údaráis cheadaithe na mBallstát teorainnluachanna astaíochta a shocrú sna ceadanna laistigh de na raonta sin ar leibhéal a chomhfhreagraíonn d'fheidhmíocht BAT le haghaidh na suiteála sonraí.

chun feidhme. Níor cheart maoluithe den sórt sin a dheonú i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil a chur i mbaol.

Tugtar Airteagal 15a nua isteach, lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún rialacha comhchoiteanna a shocrú chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus ar bhailíochtú na leibhéal arna dtomhas maidir le hastaíochtaí aeir agus uisce araon bunaithe ar BAT, le haghaidh suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil II. Beidh tús áite ag na rialacha sin maidir le measúnú comhlíontachta ar rialacha a shocraítear i gCaibidlí III agus IV maidir le measúnú ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta atá in Iarscríbhinní V agus VI.

Is é is aidhm don leasú ar **Airteagal 16** na ceanglais faireacháin a chomhlánú i leith maoluithe arna ndeonú faoi Airteagal 15(4), a mhéid a bhaineann le tiúchan na dtruailleán a mbaineann an maolú leo agus atá sa timpeallacht ghlactha.

Is é is aidhm don leasú ar **Airteagal 18** a shoiléiriú go dtagraítear, le caighdeáin cáilíochta comhshaoil, do na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais, amhail reachtaíocht an Aontais maidir le haer nó le huisce; ar caighdeáin iad nach mór timpeallacht áirithe nó ag cuid ar leith di iad a chomhlíonadh ag tráth áirithe, agus i gcás inar gá coinníollacha níos déine ná na coinníollacha is féidir a bhaint amach trí úsáid BAT ag suiteáil IED chun comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil sin a áirithiú, ní mór bearta breise sonracha a áireamh sa chead mar a leagtar amach san airteagal seo.

Is é is aidhm don leasú ar **Airteagal 21** a shoiléiriú gur cheart coinníollacha ceada a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, gur cheart don údarás inniúil iad a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá go gcomhlíonfadh an tsuiteáil caighdeán cáilíochta comhshaoil.

Áirítear ar na leasuithe ar **Airteagal 24** leathnú na gcásanna ina dtugtar deiseanna luatha agus éifeachtacha don phobal lena mbaineann páirt a ghlacadh i ndeonú nó i dtabhairt cothrom le dáta coinníollacha ceadanna ag an údarás inniúil, i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus.

Is é is aidhm don leasú ar **Airteagal 25** a shoiléiriú nach bhféadfaidh na Ballstáit an seasamh dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó údarás poiblí a shrianadh do na ndaoine sin den phobal lena mbaineann a bhí rannpháirteach sa nós imeachta riaracháin roimhe sin chun an cinneadh sin a ghlacadh.

Féachtar le leasuithe ar **Airteagal 26** le comhar trasteorann, malartú faisnéise agus rannpháirtíocht an phobail i bpróisis cheadaithe a neartú.

I ndiaidh Airteagal 26, cuirtear **Caibidil IIa** nua isteach maidir le '**an nuálaíocht a chur chun cinn**', arb é atá inti **Airteagail 27** go **27d**, chun an nuálaíocht a chothú, tástáil agus úsáid teicnící atá ag teacht chun cinn a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil fheabhsaithe acu a éascú, chomh maith le lárionad tiomnaithe a bhunú chun tacú leis an nuálaíocht trí fhaisnéis faoi theicnící nuálacha a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi agus a leibhéal forbartha ó thaighde go húsáid a chur i dtréith. Cuirfidh an lárionad ar chumas BAT cur chuige réamhbhreathnaitheach a fhorbairt agus cuideoidh sé le tionscail réitigh a shainaithint chun an truailliú a dhícharbónú agus a laghdú. Le himeacht ama, beidh sé ina mhol chun dinimic na nuálaíochta a chothú le haghaidh an aistrithe thionsclaíoch maidir le beartais uile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Beidh ar oibreoirí pleananna claochlaithe a chur ar fáil faoin 30 Meitheamh 2030 mar chuid dá gcórais bainistíochta comhshaoil, nó níos déanaí ná

sin, ag brath ar na gníomhaíochtaí in Iarscríbhinn I atá i gceist, mar rannchuidiú chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach maidir le geilleagar glan ciorclach aeráidneodrach.

Le leasuithe ar **Airteagal 42** soiléirítear tuilleadh conas measúnú a dhéanamh i dtaobh cé acu atá na gáis ghlanta nó na leachtanna glanta a eascraíonn as gású nó pirealú dramhaíola íonaithe go leordhóthanach chun iad a dhó gan rialuithe níos déine ná na cinn a bhaineann le breoslaí tráchtála glana.

Cuirtear **Caibidil VIa** nua isteach maidir le 'forálacha speisialta maidir le héanlaith chlóis, muca agus eallach a thógáil' i ndiaidh Chaibidil VI agus roimh Chaibidil VII, agus arb é atá inti **Airteagail 70a** go **70i**. Chun na hastaíochtaí móra truailleán san aer agus san uisce de thoradh tógáil den sórt sin a laghdú, áirítear sa Chaibidil sin ísliú na tairsí ar os a cionn áirítear suiteálacha muc agus éanlaithe clóis i raon feidhme Threoir 2010/75/AE; agus cuirtear feirmeoireacht eallaigh isteach sa raon sin, taobh le suiteálacha muc agus éanlaithe clóis. Leagtar amach inti freisin nósanna imeachta sonracha um cheadú atá oiriúnach don earnáil, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cothromaíocht a aimsiú idir na nósanna imeachta riaracháin um cheadú agus na ceanglais maidir le faisnéis phoiblí, rannpháirtíocht an phobail agus comhlíontacht. Le rialacha oibriúcháin maidir le feirmeacha beostoic cuirfear san áireamh ní hamháin nádúr, cineál, méid agus dlús na suiteálacha sin ach a gcastacht agus raon na dtionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith acu, mar aon le gnéithe eacnamaíocha. Leis sin, beifear in ann ceanglais chomhréireacha a leagan síos maidir le cleachtais difriúla feirmeoireachta (dianfheirmeoireacht, feirmeoireacht fhairsing, feirmeoireacht orgánach), lena n-áirítear trí shainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach a chur san áireamh, i gcás nach dtógtar ainmhithe i suiteálacha faoi dhíon ach go séasúrach, agus ualach ar an earnáil agus ar na húdaráis inniúla á n-íoslaghdú an tráth céanna.

Áirítear ar leasuithe ar **Airteagal 73** minicíocht 5 bliana a shocrú ar dá réir a chuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ndéanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach seo, a mbeidh coinne leis an gcéad cheann díobh faoi Mheitheamh 2028. Cuirfear dinimic na nuálaíochta agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2003/87/CE san áireamh sa tuarascáil sin.

Leis an leasú ar **Airteagal 74**, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i dtaca le gníomhaíocht agraithionsclaíoch a chur le hIarscríbhinn I nó le hIarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Treoir seo, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh sí a cuspóirí chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach.

Is é is aidhm do na leasuithe ar **Airteagal 79** íosmhéid na bpionós a shonrú, ionas go mbeidh siad éifeachtach comhréireach athchomhairleach, gan dochar do Threoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil[51].

Tugtar **Airteagal 79a** nua isteach maidir le cúiteamh, arb é is aidhm dó a áirithiú, i gcás inar tharla dochar don tsláinte de thoradh, ina iomláine nó i bpáirt, sárú ar bhearta náisiúnta arna

[51] Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil; IO L 328, 6.12.2008, lgh. 28-37. Ghlac an Coimisiún togra 15/12/2021 chun é a chur in ionad Threoir 2008/99/CE: COM(2021) 851 final 'Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Treoir 2008/99/CE'.

nglacadh de bhun na Treorach seo, go mbeidh an pobal lena mbaineann in ann cúiteamh a éileamh agus a fháil ó na húdaráis inniúla ábhartha agus, i gcás ina sainaithneofar iad, ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as an sárú.

Áirítear ar leasuithe ar **Iarscríbhinn I** eastóscadh mianraí tionsclaíocha agus miotalacha a thabhairt faoi raon feidhme na Treorach seo, ar gníomhaíocht í a bhfuil tionchar nach aici ar an gcomhshaol. Ar an gcaoi chéanna, cé go rialaítear roinnt de ghníomhaíochtaí an luachshlabhra ceallraí leis an Treoir seo cheana, le suiteálacha móra ina ndéantar ceallraí a mhonarú a áireamh i raon feidhme na hionstraime seo freisin, áiritheofar go gcumhdófar gach céim de shaolré na gceallraí le ceanglais na Treorach, a bhfuil sé d'aidhm aige fás níos inbhuanaithe san earnáil thionsclaíoch sin a bhaint amach.

(b) Leasú ar Threoir 1999/31/CE ón gComhairle

Is é is aidhm don leasú ar Airteagal 1 de Threoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl[52] cead a thabhairt conclúidí BAT maidir le láithreáin líonta talún a ghlacadh faoin Treoir seo. Cé go n-áirítear láithreáin líonta talún i raon feidhme IED, níl aon chonclúid BAT ann maidir le líonadh talún ós rud é go gcumhdaítear an ghníomhaíocht sin faoi Threoir 1999/31/CE ón gComhairle, ar dá bun a mheastar gur BAT iad ceanglais na Treorach sin. I bhfianaise na forbartha teicniúla agus na nuálaíochta a tharla ó glacadh Treoir 1999/31/CE ón gComhairle, tá teicnící níos éifeachtaí ar fáil anois chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Trí chonclúidí BAT a ghlacadh, bheifí in ann aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna comhshaoil a bhaineann le láithreáin líonta talún a oibriú, lena n-áirítear astaíochtaí nach beag meatáin.

52 Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl; IO L 182, 16.7.1999, lgh. 1-19.

2022/0104 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear**
**Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[53,]

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[54],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip[55] straitéis na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh geilleagar aici atá aeráidneodrach, glan agus ciorclach faoi 2050, tríd an mbainistíocht acmhainní a bharrfheabhsú, an truailliú a íoslaghdú, agus an tráth céanna, aitheantas a thabhairt don ghá atá le beartais an-chlaochlaitheacha. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[56] agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[57]. Le Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht[58] i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus le Plean Gníomhaíochta um

53 IO C […], […], lch. […].
54 IO C […], […], lch. […].
55 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip]; COM(2019) 640 final.
56 https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E
57 https://sdgs.un.org/goals
58 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú[59] a glacadh i mí Bealtaine 2021, tugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe truaillithe den Chomhaontú Glas don Eoraip. An tráth céanna, leagtar béim bhreise sa Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip[60] ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí claochlaitheacha. I measc na mbeartas eile atá ábhartha maidir leis an tionscnamh seo tá an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[61], an Straitéis um Meatán[62] agus Gealltanas Ghlaschú um Meatán[63], an Straitéis maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[64], an Straitéis Bhithéagsúlachta[65], an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc[66] agus an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe[67]. Ina theannta sin, mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin in 2022, moltar le REPowerEU[68] comhghníomhaíocht Eorpach chun tacú le soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

(2) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, fógraíodh athbhreithniú ar bhearta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó mhórshuiteálacha tionsclaíocha, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme earnála na reachtaíochta agus conas í a chur i gcomhréir iomlán le beartais aeráide, beartais fuinnimh agus beartais an gheilleagair chiorclaigh. Ina theannta sin, iarrtar freisin sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer

59 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil'* [Plean Gníomhaíochta an Aontais dar teideal Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: Plean Gníomhaíochta AE: 'I dtreo truailliú nialasach le haghaidh an aeir, an uisce agus na cré'] COM(2021) 400 final.

60 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip] COM(2020) 102 final.

61 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality ['Oiriúnach do 55': sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta] COM/2021/550 final.

62 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on an EU strategy to reduce methane emissions* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú] COM(2020) 663 final.

63 https://www.globalmethanepledge.org/

64 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate- resilient Europe - the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

65 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final.

66 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] COM(2020) 381 final.

67 COM(2022) 142

68 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal REPowerEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe; COM(2022) 108 final.

agus Ithir Saor ó Thruailliú, sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach agus sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc astaíochtaí truailleán a laghdú ag an bhfoinse, lena n-áirítear foinsí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69] faoi láthair. Is gá, mar sin, truailliú ó ghníomhaíochtaí agraithionsclaíocha áirithe a áireamh i raon feidhme na Treorach sin chun aghaidh a thabhairt orthu.

(3) Tá tionscal eastóscach an Aontais ríthábhachtach chun aidhmeanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Eorpaí maidir le Tionsclaíocht a bhaint amach, lena n-áirítear í a thabhairt cothrom le dáta. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le hamhábhair maidir leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas, maidir leis an gclaochlú fuinnimh, an claochlú ábhar agus claochlú an gheilleagair chiorclaigh agus chun athléimneacht eacnamaíoch an Aontais a neartú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainneacht intíre inbhuanaithe. Chuige sin, teastaíonn bearta éifeachtacha, saincheaptha agus comhchuibhithe chun a áirithiú go leagtar síos agus go n-úsáidtear na teicnící is fearr atá ar fáil, agus ar an mbealach sin próisis a chur i bhfeidhm arb iad na cinn is éifeachtúla iad agus a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Sásraí rialachais Threoir 2010/75/AE a bhfuil dlúthbhaint acu le forbairt ceanglas comhshaoil atá comhaontaithe agus saincheaptha, is sásraí iad a bheidh ag tacú le fás inbhuanaithe na ngníomhaíochtaí sin san Aontas. Trí chaighdeáin a chomhaontaítear go comhpháirteach a fhorbairt agus a bheith ar fáil, beidh cothrom na hiomaíochta san Aontais agus áiritheofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol an tráth céanna. Is iomchuí, dá bhrí sin, na gníomhaíochtaí sin a áireamh i raon feidhme Threoir 2010/75/AE.

(4) Tá tógáil muc, éanlaithe clóis agus eallaigh ina cúis mhór le hastaíochtaí truailleán isteach san aer agus san uisce. Chun astaíochtaí truailleán den sórt sin a laghdú, lena n-áirítear amóinia, meatán, níotráití agus astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ar an mbealach sin, cáilíocht an aeir, an uisce agus na hithreach a fheabhsú, is gá an tairseach a ísliú ar os a cionn a áirítear suiteálacha muc agus éanlaithe clóis i raon feidhme Threoir 2010/75/AE agus feirmeoireacht eallaigh a áireamh sa raon feidhme sin freisin. Le ceanglais ábhartha BAT, cuirtear san áireamh cineál, méid, dlús agus castacht na suiteálacha sin, lena n-áirítear sainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach, i gcás nach dtógtar ainmhithe ach go séasúrach i suiteálacha faoi dhíon, agus raon na dtionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá gá leis an aistriú i dtreo cleachtais talmhaíochta a éireoidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol de réir a chéile, agus is é is aidhm do na ceanglais chomhréireachta in BAT feirmeoirí a spreagadh an t-aistriú sin a chur chun feidhme.

(5) Is dócha go dtiocfaidh méadú nach beag ar líon na suiteálacha mórscála laistigh den Aontas ina dtairgfear ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha faoi 2040, rud a chuirfidh le sciar an Aontais de tháirgeadh domhanda na gceallraí. Cé go rialaítear roinnt de ghníomhaíochtaí luachshlabhra na gceallraí cheana féin le Treoir 2010/75/AE agus rialaítear ceallraí mar tháirgí le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* +, is gá fós suiteálacha móra ina monaraítear ceallraí a áireamh i raon feidhme na Treorach, chun a áirithiú go gcumhdaítear iad freisin leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2010/75/AE agus, dá bhrí sin, go rannchuideoidh siad le fás níos inbhuanaithe monaraithe ceallraí. Trí shuiteálacha móra ina

[69] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú); IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119.

monaraítear ceallraí a áireamh i raon feidhme Threoir 2010/75/AE, cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht na gceallraí ar bhealach iomlánaíoch agus déanfar an tionchar a bheidh acu ar an gcomhshaol ar feadh a saolré a íoslaghdú.

(6) D'fhonn rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a neartú a thuilleadh, is gá a shoiléiriú go bhfuil na ceadanna le haghaidh suiteálacha arna ndeonú de bhun Threoir 2010/75/AE le cur ar fáil don phobal ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin. Ba cheart achoimre aonfhoirmeach ceadanna a chur ar fáil don phobal faoi na coinníollacha céanna.

(7) D'fhéadfaí gurb ann do thionchar truaillithe, lena n-áirítear nuair is teagmhais nó timpistí is cúis leis, i limistéar atá níos mó ná críoch Ballstáit. I gcásanna den sórt sin, gan dochar do Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70], chun iarmhairtí teagmhas nó timpistí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a theorannú agus chun teagmhais nó timpistí eile a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, tá gá le faisnéis phras agus le dlúth-chomhordú idir údaráis inniúla na mBallstát a ndéanann na heachtraí sin difear dóibh nó a bhféadfadh na heachtraí sin difear a dhéanamh dóibh. Dá bhrí sin, i gcás aon teagmhais nó timpiste a mbeidh tionchar nach beag aige ar an gcomhshaol nó ar shláinte an duine i mBallstát eile, ba cheart faisnéis agus comhar trasteorann ildisciplíneach idir na Ballstáit a ndéantar difear dóibh a chothú chun na hiarmhairtí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a theorannú agus chun teagmhais nó timpistí eile a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc.

(8) Ba cheart do na Ballstáit bearta dearbhaithe comhlíontachta a ghlacadh freisin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faoi Threoir 2010/75/AE a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus chun faireachán a dhéanamh air. Mar chuid de bhearta dearbhaithe comhlíontachta, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann oibriú suiteála a chur ar fionraí i gcás ina mbeidh contúirt ann do shláinte an duine nó go mbeidh éifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol, nó go mbeidh an riosca ann go mbeidh an chontúirt nó an éifeacht sin ann, de dheasca sárú leanúnach ar choinníollacha an cheada agus de dheasca nár cuireadh torthaí na tuarascála cigireachta i bhfeidhm, chun deireadh a chur leis an gcontúirt sin.

(9) Maidir le suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE lena ndéantar gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a chothú, is iomchuí na suiteálacha sin a cheangal ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh i leith aonaid dócháin nó aonaid eile a astaíonn dé-ocsaíd charbóin ar an suíomh.

(10) Baineadh de thátal as an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE gur gá na naisc idir an Treoir sin agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[71] a neartú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le húsáid ceimiceán i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE. Chun sineirgí a fhorbairt idir an obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) ar cheimiceáin agus

---

70 + Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2020/0353(COD) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.'

Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthimpiste lena bhfuil baint ag substaintí contúirteacha (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1).

71 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.).

doiciméid tagartha BAT a ullmhú faoi Threoir 2010/75/AE, ba cheart ról foirmiúil a thabhairt do ECHA san ullmhúchán sin de dhoiciméad tagartha BAT.

(11) Chun an malartú faisnéise lena dtacaítear le cinneadh na leibhéal astaíochta agus na leibhéal feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) a éascú, agus sláine faisnéise rúnda gnó a choinneáil ar bun an tráth céanna, ba cheart na nósanna imeachta a shonrú maidir le faisnéis a láimhseáil, ar faisnéis rúnda ghnó í nó ar faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus a bhailítear ón tionscal i gcomhthéacs an mhalartaithe faisnéise arna eagrú ag an gCoimisiún chun doiciméid tagartha BAT a dhréachtú, a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart a áirithiú nach ndéanfaidh daoine aonair atá rannpháirteach sa mhalartú faisnéise faisnéis ar faisnéis rúnda ghnó í nó ar faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chomhroinnt le haon ionadaí gnóthas nó comhlachtaí trádála a bhfuil leas eacnamaíoch acu sna gníomhaíochtaí tionsclaíocha lena mbaineann agus sna margaí gaolmhara. Tá malartú faisnéise den sórt sin gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(12) Chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil ina iomláine a áirithiú, tá gá le sineirgí agus comhordú le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol, ag gach céim dá cur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart dul i gcomhairle go cuí leis na húdaráis inniúla ábhartha uile a áirithíonn comhlíonadh reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol sula ndeonófar cead faoi Threoir 2010/75/AE.

(13) D'fhonn feidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteacht na suiteála a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear trí ghiniúint dramhaíola a chosc, úsáid acmhainní agus athúsáid uisce a bharrfheabhsú, agus rioscaí a bhaineann le húsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú, ba cheart don oibreoir córas bainistíochta comhshaoil (EMS) a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le conclúidí ábhartha BAT, agus ba cheart dó é a chur ar fáil don phobal. Ba cheart go gcumhdófaí le EMS freisin bainistíocht na rioscaí a bhaineann le substaintí guaiseacha a úsáid agus anailís ar an bhféidearthacht roghanna malartacha níos sábháilte a chur in ionad na substaintí guaiseacha.

(14) Is gá na coinníollacha a shonrú a thuilleadh faoina bhféadfaidh an t-údarás inniúil na próisis chóireála iartheachtacha i ngléasra cóireála fuíolluisce a chur san áireamh agus na teorainnluachanna astaíochta is infheidhme maidir le scaoilte truailleán san uisce á socrú aige i gcead arna dheonú faoi Threoir 2010/75/AE, chun a áirithiú nach bhfágfaidh scaoilte den sórt sin go mbeidh ualach méadaithe truailleán in uiscí glactha i gcomparáid le staid ina gcuirfidh an tsuiteáil BAT i bhfeidhm agus ina gcomhlíonfaidh sí leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil i gcás scaoilte díreacha.

(15) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a sholáthar, is gá *inter alia* teorainnluachanna astaíochta a leagan síos i gceadanna ar leibhéal lena n-áiritheofar comhlíonadh na leibhéal astaíochta is infheidhme a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil a leagtar amach i gconclúidí BAT. De ghnáth, sloinntear leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar raonta, seachas mar luachanna aonair, chun na difríochtaí a léiriú laistigh de chineál áirithe suiteála a eascraíonn as éagsúlacht sna feidhmíochtaí comhshaoil a bhaintear amach agus BAT á gcur i bhfeidhm. Ní thabharfaidh BAT áirithe an fheidhmíocht chéanna i gcás suiteálacha éagsúla, d'fhéadfadh sé nach bhfuil roinnt BAT oiriúnach lena n-úsáid i suiteálacha áirithe, nó d'fhéadfadh sé go bhfuil

meascán BAT níos éifeachtaí i gcás truailleáin áirithe nó meán áirithe comhshaoil ná BAT eile, mar shampla. Cuireadh baint amach ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine i gcontúirt mar gheall ar an gcleachtas mar atá teorainnluachanna astaíochta a shocrú ag an gceann is scaoilte den raon leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, gan a mheas go bhféadfadh suiteáil áirithe leibhéil astaíochta níos ísle a bhaint amach trí na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm. Le cleachtas den sórt sin, cuirtear drochmhisneach ar shuiteálacha atá chun tosaigh i dtaobh teicnící atá níos éifeachtaí a chur chun feidhme, agus cuirtear bac ar chothrom na hiomaíochta a bhaint amach ar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. Ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar údaráis inniúla na teorainnluachanna astaíochta is ísle is féidir a leagan síos i gceadanna, ar teorainnluachanna iad lena léirítear feidhmíocht BAT i gcás na suiteálacha sonracha, agus raon iomlán BAT-AELanna á chur san áireamh agus á fhéachaint leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil is fearr is féidir a bhaint amach le haghaidh na suiteálacha; is é sin mura léiríonn an t-oibreoir go n-éireoidh leis an tsuiteáil lena mbaineann teorainnluachanna astaíochta níos scaoilte a chomhlíonadh má chuireann sí na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm, ar teicnící iad a ndéantar tuairisc orthu i gconclúidí BAT.

(16) Ba cheart rannchuidiú Threoir 2010/75/AE le héifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach san Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí, agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh mar threoirphrionsabal de bheartas fuinnimh an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos sna ceadanna, i gcás inar féidir, teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil sainordaitheacha maidir le leibhéil tomhaltais agus le leibhéil éifeachtúlachta acmhainní, lena n-áirítear maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus ábhar athchúrsáilte, bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEPLanna) a leagtar amach i gcinntí maidir le conclúidí BAT.

(17) D'fhonn astú truailleán ó shuiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE a chosc nó a íoslaghdú agus d'fhonn cothrom na hiomaíochta a chur ar fáil ar fud an Aontais, ba cheart na coinníollacha faoina bhféadfar maoluithe ar theorainnluachanna astaíochta a dheonú a leagan amach ar bhealach níos fearr trí úsáid a bhaint as prionsabail ghinearálta, chun a áirithiú go gcuirfear na maoluithe sin chun feidhme ar bhealach níos comhchuibhithe ar fud an Aontais. Thairis sin, níor cheart maoluithe ar theorainnluachanna astaíochta a dheonú i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil a chur i mbaol.

(18) Baineadh de thátal as an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE go raibh neamhréireacht sna cineálacha cur chuige measúnaithe comhlíontachta le haghaidh suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil II den Treoir sin. Chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach, cur chun feidhme comhsheasmhach dhlí an Aontais agus cothrom na hiomaíochta ar fud an Aontais a áirithiú, agus an tráth céanna, an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis phoiblí á íoslaghdú, ba cheart don Choimisiún rialacha comhchoiteanna a leagan síos, atá bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil, maidir le measúnú ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus maidir le leibhéil thomhaiste d'astaíochtaí san aer agus san uisce araon a bhailíochtú. Ba cheart tús áite a bheith ag na rialacha sin maidir le measúnú comhlíontachta ar na rialacha a leagtar amach i gCaibidlí III agus IV maidir le measúnú ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta atá in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir 2010/75/AE.

(19) Le caighdeáin cáilíochta comhshaoil, tagraítear do na ceanglais uile a leagtar amach i ndlí an Aontais, amhail reachtaíocht an Aontais maidir le haer agus le huisce; ar ceanglais iad nach mór a chomhlíonadh ag timpeallacht áirithe nó ag cuid ar leith di ag tráth áirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart d'údaráis inniúla, agus cead á dheonú acu do shuiteáil, ní hamháin coinníollacha a leagan amach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibríochtaí na suiteála na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, ach i gcás inarb iomchuí, d'fhonn rannchuidiú sonrach na suiteála leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha a laghdú, ba cheart dóibh freisin coinníollacha breise sonracha a áireamh sa chead atá níos déine ná na coinníollacha a leagtar amach i gconclúidí ábhartha BAT, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tsuiteáil caighdeáin cáilíochta comhshaoil. Féadfar a bheith i gceist leis na coinníollacha sin teorainnluachanna astaíochta níos déine a shocrú nó oibríocht nó acmhainneacht na suiteála a theorannú.

(20) Ba cheart don údarás inniúil coinníollacha an cheada a athbhreithniú go rialta agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta chun comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a áirithiú. Ba cheart athbhreithniú nó tabhairt cothrom le dáta den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás inar gá don tsuiteáil caighdeán cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás caighdeán cáilíochta comhshaoil nua nó athbhreithnithe nó i gcás inar gá an ceadúnas a athbhreithniú mar gheall ar stádas na timpeallachta glactha chun go mbainfear comhlíonadh na bpleananna agus na gclár arna socrú faoi reachtaíocht an Aontais amach, amhail na pleananna bainistíochta abhantraí faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72].

(21) Ag an seachtú seisiún a bhí ag páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, d'fhormhuinigh siad torthaí Choiste an Choinbhinsiúin um Chomhlíontacht i gcás ACCC/C/2014/121, ar dá réir, trí chreat dlíthiúil a chur ar bun nach mbeartaítear leis aon fhéidearthacht maidir le rannpháirtíocht an phobail i ndáil le hathmhachnamh ná le tabhairt cothrom le dáta faoi Airteagal 21(3), (4) agus (5)(b) agus (c) de Threoir 2010/75/AE, ní chomhlíonann an tAontas Eorpach Airteagal 6 (10) den Choinbhinsiún. Tá na torthaí sin formhuinithe ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, agus d'fhonn Coinbhinsiún Aarhus a chomhlíonadh ina iomláine, is gá a shonrú gur cheart deiseanna luatha agus éifeachtacha a thabhairt don phobal lena mbaineann páirt a ghlacadh i ndeonú nó i dtabhairt cothrom le dáta coinníollacha ceada arna socrú ag an údarás inniúil freisin nuair a dhéantar coinníollacha ceada a athmheas tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT a bhaineann le príomhghníomhaíocht na suiteála; nuair is féidir laghdú astaíochtaí nach beag a dhéanamh de bharr forbairtí sna teicnící is fearr atá ar fáil; nuair is gá teicnící eile a úsáid mar gheall ar an tsábháilteacht oibríochtúil; nuair is gá caighdeán cáilíochta comhshaoil nua nó athbhreithnithe a chomhlíonadh.

(22) Mar a shoiléirítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[73], ní fhéadfaidh na Ballstáit an seasamh dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó údarás poiblí a shrianadh do na ndaoine sin den phobal lena mbaineann a bhí rannpháirteach sa nós imeachta riaracháin roimhe sin chun an cinneadh sin a ghlacadh. Mar a shoiléirítear freisin le

---

[72] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000).

[73] Cás C–826/18, Breithiúnas ón gCúirt (an Chéad Dlísheomra) an 14 Eanáir 2021; *LB agus Eile* v *College van burgemeester en wethouders van de gemeente Echt-Susteren*; míreanna 58 agus 59.

cásdlí na Cúirte Breithiúnais[74], chun rochtain éifeachtach ar cheartas in ábhair chomhshaoil agus leigheasanna éifeachtacha a bheith ann, is gá *inter alia* go bhfuil sé de cheart ag baill den phobal lena mbaineann iarraidh ar an gcúirt nó ar chomhlacht inniúil neamhspleách agus neamhchlaonta bearta eatramhacha a ordú chun cás áirithe truaillithe a chosc, lena n-áirítear, i gcás inar gá, tríd an gcead is ábhar díospóide a chur ar fionraí go sealadach. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú nár cheart seasamh dlíthiúil a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. Ina theannta sin, ba cheart aon nós imeachta um athbhreithniú a bheith cóir, cothrom, tráthúil agus gan bheith róchostasach, agus ba cheart foráil a dhéanamh ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí.

(23) Ba cheart go dtarlódh comhar trasteorann sula ndeonófar ceadanna i gcás ina bhféadfadh oibriú suiteála difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin, agus ba cheart a áireamh ann an pobal lena mbaineann agus na húdaráis inniúla sna Ballstáit eile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh a chur ar an eolas faoi roimh ré agus dul i gcomhairle leo roimh ré.

(24) Leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE, fuarthas amach, fiú dá gcothódh sé claochlú thionscal na hEorpa, nach bhfuil sí dinimiciúil go leor agus nach dtacaíonn sí go leordhóthanach le próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid. Is iomchuí, dá bhrí sin, tástáil agus úsáid teicnící atá ag teacht chun cinn a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil fheabhsaithe acu a éascú, comhar a éascú le taighdeoirí agus le tionscail i dtionscadail taighde arna gcistiú go poiblí faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna hionstraimí cistiúcháin ábhartha Eorpacha agus náisiúnta, chomh maith le lárionad tiomnaithe a bhunú chun tacú leis an nuálaíocht trí fhaisnéis faoi theicnící nuálacha a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn, atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus a leibhéal forbartha ó thaighde go húsáid (leibhéal na hullmhachta teicneolaí nó 'LUT') agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil a chur i dtréith. Déanfaidh sin eolas freisin don mhalartú faisnéise maidir le doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Na teicnící nuálacha atá le bailiú agus le hanailísiú ag an ionad, ba cheart iad a bheith ar a laghad ag an leibhéal teicneolaíochta a léirítear sa timpeallacht ábhartha (timpeallacht atá ábhartha ó thaobh na tionsclaíochta de i gcás eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin) nó léiriú fréamhshamhail córais i dtimpeallacht oibríochta (LUT 6-7).

(25) Chun cuspóirí an Aontais maidir le geilleagar glan ciorclach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, is gá geilleagar an Aontais a chlaochlú ó bhonn. I gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE pleananna claochlaithe a áireamh ina gcórais bainistíochta comhshaoil. Ina theannta sin, comhlánófar leis na pleananna claochlaithe sin na ceanglais maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach faoi Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75] trí bhealach a

[74] Cás C-416/10 Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra), an 15 Eanáir 2013; *Jozef Križan agus Eile* v *Slovenská inšpekcia životného prostredia.Križan*, mír 109.

[75] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuairiscí gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

sholáthar chun na ceanglais sin a chur chun feidhme go coincréiteach ar leibhéal na suiteála. Is é an chéad tosaíocht na gníomhaíochtaí dianfhuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn I a chlaochlú. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí suiteálacha dianfhuinnimh pleananna claochlaithe a chur ar fáil faoin 30 Meitheamh 2030. Ba cheart a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a dhéanann gníomhaíochtaí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I pleananna claochlaithe a chur ar fáil mar chuid d'athmheas agus tabhairt cothrom le dáta an cheada tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT a fhoilseofar tar éis an 1 Eanáir 2030. Cé gur cheart na pleananna claochlaithe leanúint de bheith ina ndoiciméid tháscacha a ullmhaítear faoi fhreagracht na n-oibreoirí, ba cheart don eagraíocht iniúchóireachta ar conradh ag na hoibreoirí mar chuid dá gcórais bainistíochta comhshaoil a sheiceáil go bhfuil iontu an t-íosmhéid faisnéise a bheidh le socrú ag an gCoimisiún Eorpach i ngníomh cur chun feidhme, agus ba cheart do na hoibreoirí na pleananna claochlaithe a chur ar fáil don phobal.

(26) Tá gá le tuilleadh soiléireachta maidir leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá na gáis ghlanta nó na leachtanna glanta a eascraíonn as gású nó pirealú dramhaíola íonaithe go leordhóthanach sa mhéid nach dramhaíl iad a thuilleadh sula loisctear iad nó nach bhfuil.

(27) I bhfianaise líon ard na suiteálacha tógála ba cheart a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE agus i bhfianaise shimplíocht phróisis agus phatrúin astaíochta na suiteálacha sin i gcomparáid le suiteálacha eile, is iomchuí nósanna imeachta sonracha riaracháin a leagan amach chun ceadanna a eisiúint agus maidir le hoibriú na ngníomhaíochtaí ábhartha atá oiriúnaithe don earnáil, gan dochar do cheanglais a bhaineann le faisnéis phoiblí, rannpháirtíocht an phobail, faireachán ná comhlíontacht.

(28) De bharr teicnící nuálacha atá ag teacht ar an margadh, tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú níos mó agus níos mó ar astaíochtaí truailleán agus gás ceaptha teasa araon ó shuiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE agus Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[76] araon. Cé go mbeifear in ann sineirgí eile a thógáil idir na Treoracha sin dá bharr sin, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh dá n-oibriú, lena n-áirítear ar an margadh carbóin. Tá foráil i dTreoir 2003/87/CE maidir leis sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na sineirgí le Treoir 2010/75/AE, agus lena n-éilítear ceadanna atá ábhartha maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a chomhordú chun a áirithiú go bhforghníomhófar na bearta is gá chun cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais a chomhlíonadh go héifeachtúil agus ar bhealach níos tapúla. Chun dinimic na nuálaíochta maidir leis sin agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2003/87/CE a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil lena ndéanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme Threoir 2010/75/AE a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi 2028 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

(29) Chun a áirithiú go leanfaidh Treoir 2010/75/AE dá cuspóirí a chomhlíonadh chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh chun rialacha oibriúcháin a bhunú ina mbeidh

---

gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle; IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19-76.

76 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

ceanglais maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le héanlaith chlóis, muca agus eallach a thógáil, agus chun Iarscríbhinní I agus Ia a ghabhann leis an Treoir sin a leasú trí ghníomhaíocht agraithionsclaíoch a chur isteach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sí a cuspóirí chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[77]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir 2010/75/AE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le leagan síos na nithe seo a leanas: (i) an fhormáid atá le húsáid le haghaidh achoimre an cheada; (ii) modheolaíocht chaighdeánaithe chun measúnú a dhéanamh ar an díréireacht idir na costais a bhaineann le conclúidí BAT a chur chun feidhme agus na tairbhí comhshaoil a d’fhéadfadh a bheith ann (iii) an modh tomhais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta a leagtar amach sa chead maidir le hastaíochtaí san aer agus san uisce (iv) na socruithe mionsonraithe is gá chun an lárionad nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha a bhunú agus a fheidhmiú, agus (v) an fhormáid atá le húsáid le haghaidh pleananna claochlaithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78].

(31) Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar amach i dTreoir 2010/75/AE a áirithiú, is gá an t-íosmhéid inneachair a bheidh i bpionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a shonrú. Déantar dochar do chothrom na hiomaíochta maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ar fud an Aontais mar gheall ar éagothromaíochtaí i gcórais pionós, ar an bhfíoras go meastar in a lán cásanna go bhfuil pionóis arna ngearradh ró-íseal chun éifeacht dhíspreagthach a bheith acu ar iompraíochtaí neamhdhleathacha, agus ar an easpa cur chun feidhme aonfhoirmigh ó Bhallstát go chéile. Ba cheart Treoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil a chur san áireamh i gcás inar cion laistigh de raon feidhme Threoir 2008/99/CE é sárú a bhraitear faoin Treoir seo.

(32) I gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir 2010/75/AE, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na daoine aonair a ndéantar difear dóibh in ann cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha atá freagrach as an sárú. Leis na rialacha sin maidir le cúiteamh, rannchuidítear leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 191

77 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.

78 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

CFAE a shaothrú, maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus sláinte an duine a chosaint. Ina theannta sin, cuireann siad bonn taca faoin gceart chun na beatha, chun sláine an duine agus chun cúraim sláinte a leagtar síos in Airteagail 2, 3 agus 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin gceart chun leighis éifeachtaigh mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt. Thairis sin, ní thugtar le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ceart cúitimh do pháirtithe príobháideacha de thoradh ar dhamáiste don chomhshaol ná de thoradh ar gharbhagairt damáiste den sórt sin.

(33) Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtabharfaí aghaidh le Treoir 2010/75/AE ar an gceart le haghaidh cúiteamh de dheasca damáistí a bhain do dhaoine aonair. Chun a áirithiú go mbeidh daoine aonair in ann a gcearta a chosaint in aghaidh dochar don tsláinte de dheasca sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, agus ar an bealach sin forfheidhmiú níos éifeachtúla na Treorach sin a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, lena n-áirítear na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, mar bhaill den phobal lena mbaineann, páirt a ghlacadh in imeachtaí, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, thar ceann aon íospartaigh nó chun tacú leis, gan dochar do rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le hionadaíocht agus cosaint os comhair na gcúirteanna. De ghnáth, bíonn neamhspleáchas nós imeachta ag na Ballstáit chun leigheas éifeachtach in aghaidh sáruithe ar dhlí an Aontais a áirithiú, faoi réir urramú phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil sé deacair d'íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, faoi na rialacha nós imeachta maidir leis an dualgas cruthúnais is infheidhme go ginearálta sna Ballstáit, nasc cúisíoch idir an dochar a fulaingíodh agus an sárú a léiriú, cé go bhfuil an-mhórán fianaise eipidéimeolaíche ann maidir leis na tionchair dhiúltacha sláinte ar an daonra de dheasca truaillithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haer. Dá thoradh sin, i bhformhór na gcásanna, ní bhíonn bealach éifeachtach ag íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE cúiteamh a fháil as an dochar arb iad na sáruithe sin is cúis leis. Chun cearta daoine aonair a neartú chun cúiteamh a fháil as sáruithe ar Threoir 2010/75/AE agus chun rannchuidiú le forfheidhmiú níos éifeachtúla a ceanglas ar fud an Aontais, is gá an dualgas cruthúnais is infheidhme maidir le cásanna den sórt sin a oiriúnú. Dá bhrí sin, nuair atá duine aonair in ann fianaise sách láidir a chur ar fáil as a dtagann toimhde gurb é an sárú ar Threoir 2010/75/AE is bunús leis an dochar a rinneadh do shláinte duine aonair, nó gur chuir sé go mór leis, ba cheart don chosantóir an toimhde sin a bhréagnú chun a dhliteanas a sheachaint.

(34) Ba cheart tionchar Threoir 2010/75/AE ar neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát a theorannú don mhéid is gá chun na cuspóirí chun sláinte an duine a chosaint trí thimpeallacht shábháilte a shaothraítear inti a áirithiú, agus níor cheart go ndéanfadh sí difear do rialacha náisiúnta eile nós imeachta lena mbunaítear an ceart chun cúiteamh a lorg as sáruithe ar an Treoir sin. Leis na rialacha náisiúnta sin, níor cheart, áfach, go gcuirfí isteach ar fheidhmiú éifeachtach an tsásra lena lorgaítear cúiteamh a cheanglaítear le Treoir 2010/75/AE.

(35) Léiríodh le cur chun feidhme Threoir 2010/75/AE éagsúlacht ina cur i bhfeidhm ó Bhallstát go chéile maidir le cumhdach na suiteálacha le haghaidh táirgí ceirmeacha a mhonarú trí bhácáil, mar bhí na Ballstáit in ann, de dheasca fhoclaíocht shainmhíniú na gníomhaíochta sin, a chinneadh an gcuirfidís ceann amháin den dá chritéar maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus le toilleadh áithe i bhfeidhm nó an gcuirfidís an dá cheann díobh i bhfeidhm. D'fhonn cur chun feidhme níos comhsheasmhaí na Treorach

sin agus cothrom na hiomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart suiteálacha den sórt sin a áireamh i raon feidhme na Treorach sin aon uair a chomhlíontar aon cheann den dá chritéar sin.

(36) Agus teorainnluachanna astaíochta maidir le substaintí truailliúcháin á socrú, ba cheart don údarás inniúil breithniú a dhéanamh ar gach substaint, lena n-áirítear substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn, ar substaintí iad a d'fhéadfaí a astú ón tsuiteáil lena mbaineann agus a d'fhéadfadh tionchar nach beag a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar shláinte an duine. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart go mbreithneofaí saintréithe guaise, cainníocht agus cineál na substaintí a astaítear agus a n-acmhainneacht aon mheán comhshaoil a thruailliú. Is iad conclúidí BAT, i gcás inarb ábhartha, an pointe tagartha chun na substaintí a bhfuil teorainnluachanna astaíochta le socrú maidir leo a roghnú, cé go bhféadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh substaintí breise a roghnú. Faoi láthair, liostaítear substaintí truailliúcháin aonair ar bhealach neamh-uileghabhálach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2010/75/AE; rud nach bhfuil comhoiriúnach le cur chuige iomlánaíoch na Treorach sin agus rud nach léirítear leis an gá go gcuireann na húdaráis inniúla na substaintí truailliúcháin ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn. Ba cheart, dá bhrí sin, an liosta neamh-uileghabhálach substaintí truailliúcháin a scriosadh. Ina ionad sin, ba cheart tagairt a dhéanamh don liosta truailleán in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006[79].

(37) Cé go n-áirítear láithreáin líonta talún i raon feidhme Threoir 2010/75/AE, níl aon chonclúid BAT ann maidir le líonadh talún ós rud é go dtagann an ghníomhaíocht sin faoi raon feidhme Threoir 1999/31/CE[80] ón gComhairle agus go meastar gur BAT iad ceanglais na Treorach deiridh sin. De bharr na bhforbairtí teicniúla agus na nuálaíochta a tharla ó glacadh Treoir 1999/31/CE, tá teicnící níos éifeachtaí ar fáil anois chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Trí chonclúidí BAT a ghlacadh faoi Threoir 2010/75/AE, bheifí in ann aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna comhshaoil a bhaineann le láithreáin líonta talún a oibriú, lena n-áirítear astaíochtaí nach beag meatáin. Ba cheart, dá bhrí sin, go gceadófaí le Treoir 1999/31/CE conclúidí BAT maidir le láithreáin líonta talún a ghlacadh faoi Threoir 2010/75/AE.

(38) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2010/75/AE agus 1999/31/CE a leasú dá réir.

(39) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhas ar cháilíocht an chomhshaoil a áirithiú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr chineál trasteorann an truaillithe ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(40) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú a eascraíonn as gníomhaíochtaí tionsclaíocha chun an bunchuspóir a ghnóthú, eadhon ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhas ar cháilíocht an chomhshaoil a áirithiú. Ní théann an Treoir seo thar a

---

79 Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

80 Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).

bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(41) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[81], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil bonn cirt le doiciméid den sórt sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 2010/75/AE*

Leasaítear Treoir 2010/75/AE mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Leagtar síos léi freisin rialacha atá ceaptha cosc a chur ar astaíochtaí isteach san aer, san uisce nó sa talamh, nó i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, na hastaíochtaí sin a laghdú, agus cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach.’.

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí tionsclaíocha as a n-eascraíonn truailliú dá dtagraítear i gCaibidlí II go VIa.’.

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘(3) ciallaíonn ‘suiteáil’ aonad teicniúil seasta ina ndéantar ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn Ia nó i gCuid 1 d’Iarscríbhinn VII, agus aon ghníomhaíocht eile atá bainteach go díreach leis na gníomhaíochtaí sin ar an láithreán céanna a bhfuil nasc teicniúil acu leis na gníomhaíochtaí a liostaítear sna hIarscríbhinní sin agus a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar astaíochtaí agus ar thruailliú;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

‘(12) ciallaíonn ‘conclúidí BAT’ doiciméad ina bhfuil codanna de dhoiciméad tagartha BAT lena leagtar síos na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, tuairisc orthu, faisnéis maidir lena n-infheidhmeacht a mheasúnú, na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, an t-íosmhéid inneachair a bheidh i gcóras

[81] IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

bainistíochta comhshaoil lena n-áirítear tagarmharcanna a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, an faireachán bainteach, na leibhéil tomhaltais bhainteacha agus, i gcás inarb iomchuí, bearta ábhartha feabhsúcháin láithreáin;

(c) cuirtear an pointe (13a) seo a leanas isteach:

‘(13a) ciallaíonn ‘leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil’ an raon leibhéal feidhmíochta comhshaoil, seachas leibhéil astaíochta, a fhaightear faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin agus úsáid á baint as BAT nó as teaglaim BAT;’.

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (17):

‘(17) ciallaíonn ‘an pobal lena mbaineann’ an pobal a ndéantar difear dó nó ar dócha go ndéanfar difear dó mar gheall ar dhéanamh cinnidh maidir le cead nó coinníollacha ceada a dheonú nó a thabhairt cothrom le dáta, nó an pobal a bhfuil leas aige i nglacadh an chinnidh sin; chun críocha an tsainmhínithe seo, measfar go bhfuil leas ag eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglais faoin dlí náisiúnta;’.

(e) cuirtear na pointí (23a), (23b) agus (23c) seo a leanas isteach:

‘(23a) ciallaíonn ‘muca’ muca mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2008/120/CE ón gComhairle*;

(23b) ciallaíonn ‘eallach’ ainmhithe clóis den speiceas *Bos taurus*;

(23c) ciallaíonn ‘aonad beostoic’ coibhéis innilte bó déiríochta fásta amháin a tháirgeann 3 000 kg de bhainne in aghaidh na bliana, gan bia-ábhair chomhdhlúite breise, a úsáidtear chun méid feirmeacha a thógann catagóirí difriúla ainmhithe a shloinneadh, trí úsáid a bhaint as na rátaí comhshó, agus tagairt á déanamh do tháirgeacht iarbhír laistigh den bhliain féilire, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún**’.

---

* Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint (IO L 47, 18.2.2009, lch. 5).

** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d’fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18).’;.

(f) cuirtear na pointí (48) go (53) seo a leanas isteach:

‘(48) ciallaíonn ‘mianraí tionsclaíocha’ mianraí a úsáidtear in earnáil na tionsclaíochta chun táirgí críochnaithe nó leathchríochnaithe a tháirgeadh, cé is moite do mhianta miotaltáirgeacha, mianraí fuinnimh, mianraí foirgníochta agus clocha lómhara;

(49) ciallaíonn ‘mianta miotaltáirgeacha’ mianta a thugann miotail nó substaintí miotalacha;

(50) ciallaíonn ‘leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn’ an raon leibhéal astaíochta a fhaightear faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin agus úsáid á baint as teicníc atá ag teacht chun cinn nó as teaglaim teicnící atá ag teacht chun cinn, arna sloinneadh mar mheán maidir le tréimhse áirithe ama, faoi choinníollacha tagartha sonraithe;

(51) ciallaíonn ‘leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn’ an raon leibhéal feidhmíochta comhshaoil, seachas leibhéil astaíochta, a fhaightear faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin agus úsáid á baint as teicníc atá ag teacht chun cinn nó as teaglaim teicnící atá ag teacht chun cinn;

(52) ciallaíonn ‘dearbhú comhlíontachta’ sásraí chun comhlíontacht a dhaingniú trí úsáid a bhaint as trí chatagóir idirghabhála: comhlíontacht a chur chun cinn; faireachán ar chomhlíontacht; obair leantach agus forfheidhmiú.’;

(53) ciallaíonn ‘tagarmharcanna’ an raon táscach leibhéal feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, seachas leibhéil astaíochta, agus féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leo:

(a) leibhéil tomhaltais;

(b) leibhéil éifeachtúlachta acmhainní agus leibhéil athúsáide acmhainní lena gcumhdaítear ábhair, uisce agus acmhainní fuinnimh;

(e) leibhéil dramhaíola agus leibhéil eile a fhaightear faoi choinníollacha tagartha sonraithe.’.

(4) In Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit nós imeachta a leagan síos maidir le suiteálacha a chlárú nach gcumhdaítear ach le Caibidil V nó le Caibidil VIa.’.

(5) In Airteagal 5, cuirtear an mhír (4) seo a leanas isteach:

‘4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ceadanna a dheonófar de bhun an Airteagail seo ar fáil ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d’úsáideoirí cláraithe amháin. Ina theannta sin, cuirfear achoimre ar gach cead ar fáil don phobal faoi na coinníollacha céanna. Áireofar san achoimre sin an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) forbhreathnú ar phríomhchoinníollacha an cheada;

(b) teorainnluachanna astaíochta agus teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil;

(c) aon mhaolú a deonaíodh i gcomhréir le hAirteagal 15(4);

(d) conclúidí BAT is infheidhme;

(e) na forálacha maidir leis an gcead a athmheas agus a thabhairt cothrom le dáta.

An fhormáid atá le húsáid le haghaidh na hachoimre dá dtagraítear sa dara fomhír, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun í a leagan síos. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2).’.

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 7 agus 8:

'*Airteagal 7*

**Teagmhais agus timpistí**

Gan dochar do Threoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, i gcás aon teagmhais nó timpiste lena ndéantar difear nach beag do shláinte an duine nó don chomhshaol, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú:

(a) go gcuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas láithreach;

(b) go ndéanfaidh an t-oibreoir bearta láithreach chun srian a chur leis na hiarmhairtí comhshaoil agus chun cosc a chur ar theagmhais nó timpistí eile a d'fhéadfadh a bheith ann;

(c) go gceanglóidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir aon bheart comhlántach iomchuí a dhéanamh, ar beart é a mheasann an t-údarás inniúil gá a bheith leis chun srian a chur leis na hiarmhairtí comhshaoil agus chun cosc a chur ar theagmhais nó timpistí eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

I gcás aon teagmhais nó timpiste lena ndéantar difear nach beag do shláinte an duine nó don chomhshaol i mBallstát eile, áiritheoidh an Ballstát arb ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste go gcuirfear údarás inniúil an Bhallstáit eile ar an eolas láithreach. Is é is aidhm do chomhar trasteorann ildisciplíneach idir na Ballstáit a ndearnadh difear dóibh srian a chur leis na hiarmhairtí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine agus cosc a chur ar theagmhais nó timpistí eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

*Airteagal 8*

**Neamhchomhlíontacht**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar coinníollacha an cheada.

Glacfaidh siad bearta dearbhaithe comhlíontachta freisin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faoin Treoir seo a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus chun faireachán a dhéanamh air.

2. I gcás sárú ar choinníollacha an cheada, áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go gcuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas láithreach;

(b) go ndéanfaidh an t-oibreoir na bearta is gá láithreach chun a áirithiú go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís, laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir;

(c) go gceanglóidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir aon bheart comhlántach iomchuí a dhéanamh, ar beart é a mheasann an t-údarás inniúil gá a bheith leis chun comhlíontacht a chur ar bun arís.

I gcás ina bhfuil sárú ar an gcead ina chontúirt láithreach do shláinte an duine nó ina mbagraíonn sé éifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol a bheith aige láithreach, agus go dtí go mbeidh an chomhlíontacht curtha ar bun arís i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (b) agus (c), cuirfear oibriú na suiteála, an ghléasra dócháin, an ghléasra loiscthe dramhaíola, an ghléasra comhloiscthe dramhaíola nó na coda ábhartha de nó di ar fionraí gan aon mhoill.

3. I gcás ina leanann an sárú ar an gcead de bheith ina chúis le contúirt do shláinte an duine nó de bheith ina chúis le héifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol, agus i gcás nár cuireadh chun feidhme an ghníomhaíocht ba ghá a sainaithníodh sa tuarascáil chigireachta dá dtagraítear in Airteagal 23(6) chun comhlíontacht a chur ar bun arís, féadfaidh an t-údarás inniúil oibriú na suiteála, an ghléasra dócháin, an ghléasra loiscthe dramhaíola, an ghléasra comhloiscthe dramhaíola nó na coda ábhartha de nó di a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear comhlíonadh choinníollacha an cheada ar bun arís.

* Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).’.

(7) In Airteagal 9, scriostar mír (2).

(8) In Airteagal 11, cuirtear na pointí (fa), (fb) agus (fc) seo a leanas isteach:

‘(fa) úsáidtear acmhainní ábhair agus uisce go héifeachtúil, lena n-áirítear trí athúsáid a bhaint astu;

(fb) cuirtear feidhmíocht fhoriomlán chomhshaoil an tslabhra soláthair ar feadh a shaolré san áireamh de réir mar is iomchuí;

(fc) cuirtear chun feidhme córas bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a.’.

(9) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta, eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir na Ballstáit, na tionscail lena mbaineann, na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an Coimisiún.’

(b) I mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, ní chomhroinnfear faisnéis a mheastar gur faisnéis rúnda ghnó í nó gur faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de ach leis an gCoimisiún agus leis na daoine aonair seo a leanas a bhfuil comhaontú rúndachta sínithe acu: státseirbhísigh agus fostaithe poiblí eile a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit nó ar ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, agus ionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn. Maidir leis an malartú faisnéise a mheastar gur faisnéis rúnda ghnó í nó gur faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, beidh sé teoranta don mhéid is gá chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta agus ní úsáidfear faisnéis rúnda ghnó den sórt sin nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de den sórt sin chun críoch eile.’.

(10) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sa chead gach beart is gá chun ceanglais Airteagail 11 agus 18 a chomhlíonadh. Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndeonófar ceadanna agus tagairt á déanamh do na comhairliúcháin a dhéanfar leis na húdaráis ábhartha ar fad a áirithíonn comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhshaol, lena n-áirítear caighdeáin feidhmíochta comhshaoil.’;

(ii) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) teorainnluachanna astaíochta maidir le substaintí truailliúcháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006*, agus maidir le substaintí truailliúcháin eile, ar dócha go mbeidh méideanna nach beag díobh á n-astú ón tsuiteáil lena mbaineann, ag féachaint dá gcineál agus dá n-acmhainneacht truailliú a aistriú ó mheán amháin go meán eile;

* Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).’;

(iii) cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

‘(aa) teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil;’ ;

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ceanglais iomchuí lena n-áirithítear cosaint na hithreach, an screamhuisce agus an uisce dromchla agus bearta a bhaineann le faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar dhramhaíl a ghintear leis an tsuiteáil;’;

(v) cuirtear an pointe (ba) seo a leanas isteach:

‘(ba) ceanglais iomchuí maidir le córas bainistíochta comhshaoil mar a leagtar síos in Airteagal 14a;’;

(vi) cuirtear an pointe (bb) seo a leanas isteach:

‘(bb) ceanglais faireacháin oiriúnacha maidir le tomhaltas agus athúsáid acmhainní amhail fuinneamh, uisce agus amhábhair;’;

(vii) i bpointe (d), cuirtear an fophointe (iii) seo a leanas isteach:

(iii) faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí beartais comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a a chomhlíonadh. Cuirfear faisnéis den sórt sin ar fáil don phobal;’;

(viii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) coinníollacha chun comhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a mheasúnú nó tagairt do na riachtanais is infheidhme a shonraítear in áit eile.’.

(11) Cuirtear an tAirteagal 14a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 14a*

**Córas bainistíochta comhshaoil**

1. Maidir le gach suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir córas bainistíochta comhshaoil ('EMS') a ullmhú agus a chur chun feidhme. Comhlíonfaidh EMS na forálacha a áirítear i gconclúidí ábhartha BAT lena gcinntear gnéithe atá le cumhdach in EMS.

Athbhreithneofar EMS go tréimhsiúil chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith oiriúnach, leordhóthanach agus éifeachtach.

2. Áireofar in EMS an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) cuspóirí beartais comhshaoil chun feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteacht na suiteála, lena n-áireofar bearta chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola;

(ii) úsáid acmhainní agus athúsáid uisce a bharrfheabhsú;

(iii) na rioscaí a bhaineann le húsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú.

(b) cuspóirí agus táscairí feidhmíochta i ndáil le gnéithe comhshaoil nach beag, lena gcuirfear san áireamh tagarmharcanna a leagtar amach i gconclúidí ábhartha BAT agus feidhmíocht chomhshaoil an tslabhra soláthair ar feadh a shaolré;

(c) i gcás suiteálacha a chumhdaítear leis an oibleagáid iniúchadh fuinnimh a dhéanamh nó córas bainistithe fuinnimh a chur chun feidhme de bhun Airteagal 8 de Threoir 2012/27/AE, torthaí an iniúchta sin nó cur chun feidhme an chórais bainistithe fuinnimh de bhun Airteagal 8 agus Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir sin agus na bearta chun a moltaí a chur chun feidhme a áireamh;

(d) fardal ceimiceán na substaintí guaiseacha atá le fáil sa tsuiteáil atá ina substaintí guaiseacha, ina gcomhábhair substaintí eile nó ina gcuid de mheascáin, measúnú riosca ar thionchar na substaintí sin ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus anailís ar na bealaí a bhféadfaí roghanna malartacha níos sábháilte a chur ina n-ionad;

(e) bearta arna ndéanamh chun na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach agus chun rioscaí do shláinte an duine nó don chomhshaol a sheachaint, lena n-áirítear bearta ceartaitheacha agus coisctheacha i gcás inar gá;

(f) plean claochlaithe dá dtagraítear in Airteagal 27d.

3. Cuirfear EMS suiteála ar fáil ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin.'.

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*'Airteagal 15*

**Teorainnluachanna astaíochta, teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil, paraiméadair choibhéiseacha agus bearta teicniúla**

'1. Beidh feidhm ag na teorainnluachanna astaíochta maidir le substaintí truailliúcháin ag an bpointe óna bhfágann na hastaíochtaí an tsuiteáil, agus tabharfar neamhaird ar aon chaolú roimh an bpointe sin agus na luachanna sin á gcinneadh.

Maidir le scaoilte indíreacha substaintí truailliúcháin isteach san uisce, féadfar éifeacht gléasra cóireála fuíolluisce lasmuigh den tsuiteáil a chur san áireamh agus teorainnluachanna astaíochta na suiteála lena mbaineann á gcinneadh, ar choinníoll go n-áirithíonn an t-oibreoir go gcomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) ní chuireann na substaintí truailliúcháin a scaoiltear isteach ar oibriú an ghléasra cóireála fuíolluisce;

(b) ní dhéanann na substaintí truailliúcháin a scaoiltear díobháil do shláinte na foirne atá ag obair i gcórais bhailithe fuíolluisce agus i ngléasraí cóireála fuíolluisce;

(c) dearadh an gléasra cóireála fuíolluisce agus tá sé feistithe chun na substaintí truailliúcháin a scaoiltear a laghdú;

(d) ní mhéadaítear ualach foriomlán na substaintí truailliúcháin lena mbaineann a scaoiltear isteach san uisce ar deireadh i gcomparáid leis an staid ina raibh na hastaíochtaí ón tsuiteáil lena mbaineann ag cloí le teorainnluachanna astaíochta a shocraítear le haghaidh scaoilte díreacha i gcomhréir le mír (3) den Airteagal seo, gan dochar do bhearta níos déine a cheanglaítear de bhun Airteagal 18.

Déanfaidh an t-údarás inniúil na cúiseanna atá le cur i bhfeidhm an dara fomhír, lena n-áirítear toradh an mheasúnaithe a dhéanfaidh an t-oibreoir ar chomhlíontacht leis na ceanglais is gá, a leagan amach in iarscríbhinn a bheidh ag gabháil le coinníollacha an cheada.

Soláthróidh an t-oibreoir measúnú cothrom le dáta i gcásanna inar cheart coinníollacha an cheada a athrú chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sa dara fomhír, pointí (a) go (d).

2. Gan dochar d'Airteagal 18, bunófar na teorainnluachanna astaíochta agus na paraiméadair agus bearta teicniúla coibhéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2) ar BAT, gan úsáid aon teicníce ná aon teicneolaíochta sonraí a fhorordú.

3. Socróidh an t-údarás inniúil na teorainnluachanna astaíochta is déine is féidir atá i gcomhréir leis na hastuithe is ísle is féidir a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm sa tsuiteáil, agus lena n-áiritheofar, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, nach mó astaíochtaí ná na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5). Bunófar na teorainnluachanna astaíochta ar mheasúnú a chuirfidh an t-oibreoir i gcrích ina ndéanfar anailís ar a indéanta atá sé an ceann is déine de raon BAT-AEL a bhaint amach agus lena léireofar an fheidhmíocht is fearr is féidir leis an tsuiteáil a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm mar a thugtar tuairisc orthu i gconclúidí BAT. Socrófar na teorainnluachanna astaíochta trí cheachtar díobh seo a leanas:

(a) teorainnluachanna astaíochta a shocrú a shloinntear maidir leis na tréimhsí ama céanna nó le tréimhsí ama níos giorra agus faoi na coinníollacha tagartha céanna leis na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil; nó

(b) teorainnluachanna astaíochta a shocrú atá difriúil leis na cinn dá dtagraítear faoi phointe (a) i dtéarmaí luachanna, tréimhsí ama agus coinníollacha tagartha.

I gcás ina socraítear teorainnluachanna astaíochta i gcomhréir le pointe (b), déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar thorthaí an fhaireacháin ar astaíochtaí uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad chun a áirithiú nár mhó astaíochtaí faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin ná na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil.

3a. Socróidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil lena n-áiritheofar nach mó na teorainnluachanna feidhmíochta sin faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin ná na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5).

4. De mhaolú ar mhír 3, agus gan dochar d'Airteagal 18, féadfaidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna astaíochta nach bhfuil chomh dian céanna a shocrú i gcásanna sonracha. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an maolú sin ach amháin i gcás ina léirítear le measúnú gurbh é a bheadh ina thoradh ar na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil a bhaint amach, a dtugtar tuairisc orthu i gconclúidí BAT, costais atá díréireach ard i gcomparáid leis na tairbhí comhshaoil, mar gheall ar an méid seo a leanas:

(a) suíomh geografach nó coinníollacha comhshaoil áitiúla na suiteála lena mbaineann; nó

(b) saintréithe teicniúla na suiteála lena mbaineann.

Déanfaidh an t-údarás inniúil na cúiseanna atá le cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre, lena n-áirítear toradh an mheasúnaithe agus an t-údar atá leis na coinníollacha arna bhforchur, a dhoiciméadú in iarscríbhinn a bheidh ag gabháil le coinníollacha an cheada.

Mar sin féin, ní bheidh na teorainnluachanna astaíochta a shocraítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír níos mó ná na teorainnluachanna astaíochta a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo, i gcás inarb infheidhme.

Leis na maoluithe dá dtagraítear sa mhír seo, urramófar na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II. In aon chás, áiritheoidh an t-údarás inniúil nach mbeidh aon truailliú suntasach ann agus go mbainfear amach ardleibhéal cosanta don chomhshaol ina iomláine. Ní dheonófar maoluithe i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 18 a chur i mbaol.

Déanfaidh an t-údarás inniúil athmheasúnú ar cé acu atá bonn cirt leis an maolú a deonaíodh i gcomhréir leis an mír seo nó nach bhfuil gach 4 bliana nó mar chuid de gach athmhachnamh ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21, i gcás ina ndéanfar an t-athmhachnamh sin níos luaithe ná 4 bliana tar éis dheonú an mhaolaithe.

Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun modheolaíocht chaighdeánaithe a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar an díréireacht idir na costais a bhaineann le conclúidí BAT a chur chun feidhme agus na tairbhí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2).'.

(13) Cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 15a*

**Measúnú ar chomhlíontacht**

1. Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (h), ní bheidh an ceartúchán a dhéantar ar thomhais chun na meán-teorainnluachanna astaíochta bailíochtaithe a chinneadh níos mó ná neamhchinnteacht tomhais an mhodha tomhais.

2. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos an modh tomhais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta a leagtar amach sa chead maidir le hastaíochtaí san aer agus san uisce. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2).

   Leis an modh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfar aghaidh, ar a laghad, ar chinneadh na meán-teorainnluachanna astaíochta bailíochtaithe agus leagfar amach ann conas a chuirfear neamhchinnteacht tomhais agus minicíocht shárú na teorainnluachanna astaíochta san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíontacht.

3. Maidir le suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, i gcás ina dtagann sí faoi raon feidhme Chaibidil III nó IV freisin agus ina léirítear comhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta a shocraítear i gcomhréir leis an gCaibidil seo de bhun mhír 1 den Airteagal seo, measfar go gcomhlíonann an tsuiteáil freisin na teorainnluachanna astaíochta a shocraítear de bhun Chaibidil III nó IV maidir leis na truailleáin lena mbaineann.’.

(14) In Airteagal 16, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

‘3. I gcás inar deonaíodh maolú dá dtagraítear in Airteagal 15(4), áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-oibreoir faireachán ar thiúchán na dtruailleán a mbaineann an maolú leo agus atá sa timpeallacht ghlactha. Déanfar torthaí an fhaireacháin a tharchur chuig an údarás inniúil. I gcás inarb ábhartha, bainfear úsáid as modhanna faireacháin agus tomhais maidir le gach truailleán lena mbaineann a leagtar amach i reachtaíocht ábhartha eile an Aontais chun críocha an fhaireacháin dá dtagraítear sa mhír seo.’.

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

‘*Airteagal 18*

**Caighdeáin cáilíochta comhshaoil**

I gcás ina gceanglaítear le caighdeán cáilíochta comhshaoil coinníollacha atá níos déine ná na cinn sin is féidir a bhaint amach trí úsáid a bhaint as na teicnící is fearr atá ar fáil, áireofar bearta breise sa chead, d’fhonn an méid sonrach a chuireann an tsuiteáil leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha a laghdú.

I gcás inar áiríodh coinníollacha níos déine sa chead i gcomhréir leis an gcéad mhír, ceanglófar ar an oibreoir faireachán rialta a dhéanamh ar thiúchán na dtruailleán ábhartha sa timpeallacht ghlactha a eascraíonn as oibríochtaí na suiteálacha lena mbaineann, agus déanfar torthaí an fhaireacháin sin a tharchur chuig an údarás inniúil. I gcás ina leagtar amach modhanna faireacháin agus tomhais maidir leis na truailleáin lena mbaineann i reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, bainfear úsáid as na modhanna sin chun críoch an fhaireacháin dá dtagraítear sa mhír seo.’.

(16) In Airteagal 21(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) i gcás inar gá caighdeán cáilíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 18 a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás caighdeán cáilíochta nua nó athbhreithnithe nó i gcás inar gá an cead a athbhreithniú mar gheall ar stádas na timpeallachta glactha chun comhlíonadh na bpleananna agus na gclár a shocraítear faoi reachtaíocht an Aontais a bhaint amach.’.

(17) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) cead nó coinníollacha ceada maidir le suiteáil a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 21(5), pointí (a), (b) agus (c);’;

(ii) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

‘(e) cead a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) nó le hAirteagal 21(4).

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘2. Nuair a bheidh cinneadh déanta maidir le cead a dheonú, a athmheas nó a thabhairt cothrom le dáta, cuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d’úsáideoirí cláraithe amháin, i ndáil le pointí (a), (b) agus (f):’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) torthaí na gcomhairliúchán a reáchtáladh sula ndearnadh an cinneadh, lena n-áirítear comhairliúcháin a reáchtáladh de bhun Airteagal 26, agus míniú ar conas a cuireadh na comhairliúcháin sin san áireamh sa chinneadh sin;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas ar fáil don phobal freisin, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d’úsáideoirí cláraithe amháin:

(a) faisnéis ábhartha faoi na bearta a dhéanann an t-oibreoir ar scor cinntitheach gníomhaíochtaí dó i gcomhréir le hAirteagal 22;

(b) torthaí an fhaireacháin ar astaíochtaí mar a cheanglaítear faoi choinníollacha an cheada agus atá i seilbh an údaráis inniúil;

(c) torthaí an fhaireachán dá dtagraítear in Airteagal 16(3) agus in Airteagal 18, an dara fomhír.’.

(18) In Airteagal 25(1), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

‘Ní fhéadfaidh seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo.

Beidh an nós imeachta um athbhreithniú cóir, cothrom, tráthúil agus ní bheidh sé róchostasach, agus déanfar foráil ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí.'.

(19) In Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. I gcás ina bhfuil Ballstát ar an eolas go bhféadfaí éifeachtaí diúltacha nach beag a bheith ar chomhshaol Ballstáit eile mar gheall ar shuiteáil a bheith á hoibriú, nó i gcás ina n-iarrann Ballstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó amhlaidh, déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a cuireadh isteach t-iarratas ar chead de bhun Airteagal 4 nó Airteagal 20(2), aon fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig an mBallstát eile an tráth céanna a chuireann sé ar fáil don phobal í, ar faisnéis í is gá a thabhairt nó a chur ar fáil de bhun Iarscríbhinn IV. Ar bhonn na faisnéise sin, déanfar comhairliúcháin idir an dá Bhallstát, agus an tráth céanna, áiritheofar go soláthrófar na barúlacha ón mBallstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó sula dtiocfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ar cuireadh an t-iarratas ar chead isteach ar a chríoch ar chinneadh. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó aon bharúil a sholáthar laistigh den tréimhse chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann, rachaidh an t-údarás inniúil ar aghaidh leis an nós imeachta um cheadú.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, go gcuirfear an t-iarratas ar chead ar fáil le haghaidh barúlacha freisin do phobal an Bhallstáit a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó agus go mbeidh sé ar fáil ar feadh na tréimhse ama céanna a sholáthrófar sa Bhallstát ina ndearnadh an t-iarratas.'.

(20) Cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 26:

'CAIBIDIL IIa

**AN NUÁLAÍOCHT A CHUR CHUN CINN'**

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

'*Airteagal 27*

**Teicnící atá ag teacht chun cinn**

I gcás inarb iomchuí, spreagfaidh na Ballstáit forbairt agus cur i bhfeidhm teicnící atá ag teacht chun cinn, go háirithe i gcás ina mbeidh na teicnící sin sainaitheanta i gconclúidí BAT, i ndoiciméid tagartha BAT nó i dtorthaí an lárionaid nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha dá dtagraítear in Airteagal 27a.'.

(22) Cuirtear na hAirteagal 27a go 27d seo a leanas isteach:

'*Airteagal 27a*

**Lárionad nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha**

1. Bunóidh agus oibreoidh an Coimisiún lárionad nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha ('an lárionad' nó 'INCITE').

2. Baileoidh an lárionad faisnéis faoi theicnící nuálacha agus déanfaidh sé anailís uirthi, ar teicnící iad lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, agus cuirfidh sé i dtréith a leibhéal forbartha agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil. Cuirfidh an Coimisiún torthaí an lárionaid san áireamh agus an clár oibre um malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointe (b) á ullmhú aige, agus le linn dó doiciméid

tagartha BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

3. Tabharfaidh na heintitis seo a leanas cúnamh don lárionad:

(a) ionadaithe na mBallstát;

(b) institiúidí poiblí ábhartha;

(c) institiúidí ábhartha taighde;

(d) eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta;

(e) ionadaithe na dtionscal lena mbaineann;

(f) soláthraithe teicneolaíochta;

(g) eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn;

(h) an Coimisiún.

4. Cuirfidh an lárionad a thorthaí ar fáil don phobal faoi réir na srianta a leagtar síos in Airteagal 4(1) agus (2) de Threoir 2003/4/CE.

Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagtar amach na socruithe mionsonraithe is gá chun an lárionad a bhunú agus a fheidhmiú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2).

*Airteagal 27b*

**Teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil**

Gan dochar d'Airteagal 18, féadfaidh an t-údarás inniúil maoluithe sealadacha a dheonú ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2) agus (3) agus ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 11, pointí (a) agus (b), chun teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil ar feadh tréimhse iomlán nach faide ná 24 mhí.

*Airteagal 27c*

**Leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn**

De mhaolú ar Airteagal 21(3), féadfaidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna astaíochta a shocrú lena n-áiritheofar, laistigh de 6 bliana ó fhoilsiú cinnidh maidir le conclúidí BAT i gcomhréir le hAirteagal 13(5) a bhaineann le príomhghníomhaíocht suiteála, nach mbeidh astaíochtaí, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, níos mó ná leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT.

*Airteagal 27d*

**Claochlú i dtreo tionscal atá glan, ciorclach agus aeráidneodrach**

1. Maidir le gach suiteáil a dhéanann aon ghníomhaíocht a liostaítear i bpointí 1, 2, 3, 4, 6.1 a, agus 6.1 b d'Iarscríbhinn I, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireoidh an t-oibreoir, faoin 30 Meitheamh 2030, plean claochlaithe lena haghaidh ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an tsuiteáil ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an eagraíocht iniúchóireachta atá ar conradh ag an oibreoir mar chuid dá chóras bainistíochta comhshaoil, faoin 31 Nollaig 2031, measúnú ar chomhréireacht na bpleananna claochlaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4.

2. Ceanglóidh na Ballstáit, mar chuid den athbhreithniú ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21(3) tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT tar éis an 1 Eanáir 2030, go n-áireoidh an t-oibreoir plean claochlaithe ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a le haghaidh gach suiteála a dhéanann aon ghníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I nach dtagraítear di i mír 1. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an tsuiteáil ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an eagraíocht iniúchóireachta atá ar conradh ag an oibreoir mar chuid dá chóras bainistíochta comhshaoil measúnú ar chomhréireacht na bpleananna claochlaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4.

3. Déanfaidh an t-oibreoir a phlean claochlaithe mar aon le torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur ar fáil don phobal, mar chuid d’fhoilsiú a chórais bainistíochta comhshaoil.

4. Faoin 30 Meitheamh 2028, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos an fhormáid le haghaidh na bpleananna claochlaithe. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2).’.

(23) In Airteagal 42(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gléasraí gásúcháin ná pirealaithe, má chóireáiltear na gáis nó na leachtanna a eascraíonn as cóireáil theirmeach dramhaíola den sórt sin sula loisctear iad a mhéid:

(a) nach cúis é an loscadh le hastaíochtaí níos airde ná dóchán na mbreoslaí is lú is cúis le truailliú atá ar fáil ar an margadh a d’fhéadfaí a dhó sa tsuiteáil;

(b) i gcás astaíochtaí seachas ocsaídí nítrigine, ocsaídí sulfair agus deannach, nach cúis é an loscadh le hastaíochtaí níos airde ná astaíochtaí ó loscadh ná ó chomhloscadh dramhaíola.’.

(24) Cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 70:

‘CAIBIDIL VIa

**FORÁLACHA SPEISIALTA MAIDIR LE hÉANLAITH CHLÓIS, MUCA AGUS EALLACH A THÓGÁIL**’

(25) Cuirtear na hAirteagail 70a go 70i seo a leanas isteach tar éis an cheannteidil ‘CAIBIDIL VIa’:

‘*Airteagal 70a*

**Raon feidhme**

Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia lena sroichtear na tairseacha acmhainneachta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 70b*

**Riail chomhiomlánaithe**

Má tá dhá shuiteáil nó níos mó suite gar dá chéile agus más ionann a n-oibreoir nó má tá na suiteálacha faoi rialú oibreoirí a bhfuil caidreamh eacnamaíoch nó dlíthiúil eatarthu, measfar gur aonad aonair iad na suiteálacha lena mbaineann chun an tairseach acmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 70a a ríomh.

*Airteagal 70c*

**Ceadanna**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach ndéanfar aon suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo a oibriú gan chead agus go gcomhlíonfar lena hoibriú na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i.

   Féadfaidh na Ballstáit ceanglais maidir le catagóirí áirithe suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo a áireamh sna rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6.

   Sonróidh na Ballstáit an nós imeachta chun ceadúnas a dheonú i leith suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo. Áireofar sna nósanna imeachta sin an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 ar a laghad.

2. Áireofar in iarratais ar cheadanna tuairisc ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

   (a) an tsuiteáil agus a gníomhaíochtaí

   (b) cineál an ainmhí

   (c) acmhainneacht na suiteála;

   (d) foinsí na n-astaíochtaí ón tsuiteáil;

   (e) cineál agus cainníochtaí na n-astaíochtaí intuartha ón tsuiteáil isteach i ngach meán.

3. Áireofar in iarratais freisin achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas, gan mhoill, faoi aon athrú substaintiúil a bheartaítear a dhéanamh ar na suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ar athrú é a bhféadfadh iarmhairtí ar an gcomhshaol a bheith leis. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an t-údarás inniúil an cead a athmheas agus a thabhairt cothrom le dáta.

*Airteagal 70d*

**Oibleagáidí an oibreora**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-oibreoir faireachán ar astaíochtaí agus ar leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leo i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70*i*.

   Coimeádfaidh an t-oibreoir taifead ar thorthaí uile an fhaireacháin, agus déanfaidh sé iad a phróiseáil, ar feadh tréimhse 6 bliana ar a laghad, ar bhealach lenar féidir fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i.

2. I gcás neamhchomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís, laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir.

3. Maidir le haon dramhaíl, seachtháirge ainmhí nó iarmhar eile arna ghiniúint ag an tsuiteáil a leathadh ar thalamh, áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar é i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, mar a shonraítear sna rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i, go ndéanfar é i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais agus nach mbeidh sé ina chúis le truailliú nach beag an chomhshaoil.

*Airteagal 70e*

**Faireachán**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán oiriúnach i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i.

2. Déanfar torthaí uile an fhaireacháin a thaifeadadh, a phróiseáil agus a chur i láthair ar bhealach lena gcumasófar don údarás inniúil fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha oibriúcháin, na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a áirítear sna rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6 nó sa chead.

3. Cuirfidh an t-oibreoir na sonraí agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo ar fáil don údarás inniúil gan mhoill, arna iarraidh sin aige. Féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin a dhéanamh chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i. Déanfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin má iarrann duine den phobal rochtain ar na sonraí nó ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 70f*

**Neamhchomhlíontacht**

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó na luachanna maidir le hastaíochtaí agus maidir le leibhéil feidhmíochta comhshaoil a ndéanfar faireachán orthu i gcomhréir leis na rialacha oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 70i ná na teorainnluachanna astaíochta agus na teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach ann.

2. Bunóidh na Ballstáit córas éifeachtach um fhaireachán ar chomhlíontacht, a bheidh bunaithe ar chigireachtaí comhshaoil nó ar bhearta eile, chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Chaibidil seo a sheiceáil.

3. I gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Chaibidil seo, áiritheoidh na Ballstáit go gceanglóidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir aon bheart is gá a dhéanamh, sa bhreis ar na bearta arna ndéanamh ag an oibreoir faoi Airteagal 70d, chun a áirithiú go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís gan mhoill.

I gcás ina mbeidh neamhchomhlíontacht ina cúis le díghrádú nach beag dálaí áitiúla aeir, uisce nó ithreach, nó i gcás ina mbeidh sí ina contúirt nach beag do shláinte an duine, nó i gcás go bhfuil an riosca ann go mbeidh sí ina contúirt den sórt sin, cuirfidh an t-údarás inniúil oibriú na suiteála ar fionraí go dtí go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís.

*Airteagal 70g*

**Faisnéis phoiblí agus rannpháirtíocht an phobail**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar deiseanna luatha agus éifeachtacha don phobal lena mbaineann chun páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta seo a leanas:

(a) ullmhú rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6 maidir le ceadanna le haghaidh suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo;

(b) cead a dheonú le haghaidh suiteáil nua a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo;

(c) cead a dheonú a tugadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 70c.4 le haghaidh aon athraithe shubstaintiúil ar shuiteáil atá ann cheana a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo.

2. Cuirfidh an t-údarás inniúil na doiciméid agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d’úsáideoirí cláraithe amháin:

(a) an cead;

(b) torthaí na gcomhairliúchán a reáchtáladh i gcomhréir le mír 1;

(c) na rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6 is infheidhme maidir le suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo;

(d) na tuarascálacha ar chigireachtaí ar na suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo.

*Airteagal 70h*

**Rochtain ar an gceartas**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha faoi réir na Caibidle seo nuair a chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá leas leordhóthanach acu;

(b) áitíonn siad sárú ar cheart, i gcás ina gceanglaítear é sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin Ballstáit.

Ní fhéadfaidh seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo.

Beidh an nós imeachta um athbhreithniú cóir, cothrom, tráthúil agus ní bheidh sé róchostasach, agus déanfar foráil ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí.

2. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an chéim ag ar féidir agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha.

*Airteagal 70i*

**Rialacha oibriúcháin**

1. Leagfaidh an Coimisiún rialacha oibriúcháin síos ina mbeidh ceanglais atá comhsheasmhach le húsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, lena n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) teorainnluachanna astaíochta;

(b) ceanglais maidir le faireachán;

(c) cleachtais leata ar thalamh;

(d) cleachtais maidir le truailliú a chosc agus a mhaolú;

(e) teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil;

(f) bearta eile atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn III.

Cuirfear san áireamh leis na rialacha oibriúcháin *inter alia* nádúr, cineál, méid agus dlús na suiteálacha sin agus sainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach, i gcás nach dtógtar ainmhithe i suiteálacha faoi dhíon ach go séasúrach.

2. Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 76 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 a leagan síos.’.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na coinníollacha ceada uile le haghaidh na suiteálacha lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 42 mhí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe lena mbunaítear na rialacha sin.’.

(26) In Airteagal 73(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

‘Faoin 30 Meitheamh 2028 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina n-athbhreithneofar cur chun feidhme na Treorach seo. Cuirfear dinimic na nuálaíochta agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2003/87/CE san áireamh sa tuarascáil.

Áireofar sa tuarascáil sin measúnú ar an ngá le gníomhaíocht ón Aontas trí íoscheanglais ar fud an Aontais maidir le teorainnluachanna astaíochta a leagan síos nó a thabhairt cothrom le dáta agus ar an ngá le rialacha maidir le faireachán agus comhlíontacht le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme chonclúidí BAT arna nglacadh le linn na tréimhse 5 bliana roimhe sin, ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

(a) tionchar na ngníomhaíochtaí lena mbaineann ar an gcomhshaol ina iomláine agus ar shláinte an duine;

(b) staid chur chun feidhme na dteicnící is fearr atá ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.’.

(27) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 74:

*‘Airteagal 74*

**Leasuithe ar Iarscríbhinní**

1. Chun gur féidir forálacha na Treorach seo a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ar bhonn na dteicnící is fearr atá ar fáil, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 76 a mhéid a bhaineann le Codanna 3 agus 4 d’Iarscríbhinn V, le Codanna 2, 6, 7 agus 8 d’Iarscríbhinn VI agus le Codanna 5, 6, 7 agus 8 d’Iarscríbhinn VII a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil sin.

2. Chun gur féidir le forálacha na Treorach seo cuspóirí na Treorach seo a chomhlíonadh eadhon astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 76, chun Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn Ia a leasú trí ghníomhaíocht agraithionsclaíoch a áireamh sna hIarscríbhinní sin, ar gníomhaíocht í a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) tá tionchar aici ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol nó tá coinne leis go mbeidh, go háirithe de thoradh ar astaíochtaí truailleán agus úsáid acmhainní;

(b) baineann éagsúlacht lena feidhmíocht chomhshaoil laistigh den Aontas;

(c) d’fhéadfaí feabhas a chur ar a tionchar comhshaoil trí na teicnící is fearr atá ar fáil nó teicnící nuálacha a chur i bhfeidhm;

(d) meastar, ar bhonn a tionchair chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta, go bhfuil cóimheas fabhrach idir na tairbhí sochaíocha agus na costais eacnamaíocha a bhaineann lena háireamh i raon feidhme na Treorach seo.

3. Déanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le páirtithe leasmhara sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Maidir leis na staidéir agus na hanailísí ábhartha arna n-úsáid chun gníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a ullmhú, cuirfidh an Coimisiún ar fáil don phobal iad, tráth nach déanaí ná tráth glactha an ghnímh tharmligthe.’.

(28) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 75:

*‘Airteagal 75*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún.

Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.’.

(29) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 76:

*‘Airteagal 76*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 48(5), Airteagal 70i agus Airteagal 74 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [ Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 48(5), Airteagal 70i agus Airteagal 74 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 15(4) nó 48(5) nó Airteagal 74 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.

(30) Scriostar Airteagail 77 agus 78.

(31) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 79:

*‘Airteagal 79*

**Pionóis**

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, leagfaidh na Ballstáit rialacha síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na forálacha sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Áireofar sna pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a ríomh ar bhealach lena n-áiritheofar go mbainfear go héifeachtach na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú sin den duine atá freagrach as an sárú. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a mhéadú de réir a chéile i gcás sáruithe a dhéanfar arís agus arís eile. I gcás sárú a dhéanfaidh duine dlítheanach, beidh uasmhéid na bhfíneálacha sin cothrom le 8 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora sa Bhallstát lena mbaineann.

3. Leis na pionóis dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(a) cineál, tromchúis agus méid an tsáraithe;

(b) cineál an tsáraithe, eadhon an ndearnadh d'aon ghnó nó le faillí é;

(c) an daonra nó an comhshaol a ndéanann an sárú difear dó, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach.'.

(32) Cuirtear an tAirteagal 79a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 79a*

**Cúiteamh**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar bhearta náisiúnta a glacadh de bhun na Treorach seo, go mbeidh sé de cheart ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha atá freagrach as an sárú.

2. Maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh, mar chuid den phobal lena mbaineann, ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh agus gníomhaíochtaí comhchoiteanna le haghaidh cúitimh a thionscnamh. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar éileamh mar gheall ar shárú a dtagann dochar as a shaothrú faoi dhó, eadhon ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh agus ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha dá dtagraítear sa mhír seo.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar rialacha náisiúnta agus nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le héilimh ar chúiteamh a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach nach mbeidh sé dodhéanta nó ródheacair an ceart chun cúitimh i gcás dochar arb é sárú is cúis leis a fheidhmiú de bhun mhír 1.

4. I gcás ina mbeidh éileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, ar éileamh é a mbeidh fianaise ag tacú leis ónar féidir nasc cúisíoch idir an dochar agus an sárú a thoimhdiú, áiritheoidh na Ballstáit gur ar an duine atá freagrach as an sárú a bheidh an dualgas a chruthú nach raibh an sárú ina chúis leis an damáiste ná nár rannchuidigh sé leis an dochar.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na tréimhsí teorann chun caingne a thionscnamh le haghaidh cúitimh dá dtagraítear i mír 1 níos giorra ná 5 bliana. Ní chuirfear tús leis na tréimhsí sin sula mbeidh deireadh leis an sárú agus go mbeidh a fhios ag an duine a éileoidh an cúiteamh gur bhain dochar dó nó di de dheasca sárú de bhun mhír 1, nó gur féidir coinne réasúnta a bheith leis go mbeidh a fhios aige nó aici faoi sin.’.

(33) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

(34) Cuirtear isteach Iarscríbhinn Ia a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

(35) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Threoir 1999/31/CE*

In Airteagal 1 de Threoir 1999/31/CE, scriostar mír 2.

*Airteagal 3*

*Trasuí*

1. Na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

- 09 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

- **☒ beart nua**
- **☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[82]
- **☒ síneadh ar bheart atá ann cheana**
- **☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

- An comhshaol agus an tsláinte phoiblí a chosaint ar dhrochéifeachtaí truaillithe ó shuiteálacha móra agraithionsclaíocha.
- Cothrom iomaíochta a bhunú ar leibhéal ard cosanta don tsláinte agus don chomhshaol.
- Claochlú domhain agraithionsclaíoch a spreagadh i dtreo cuspóirí EGD a bhaint amach, lena n-áirítear truailliú nialasach, neodracht carbóin, timpeallacht saor ó thocsainí agus geilleagar ciorclach.
- Rochtain ar fhaisnéis agus ar cheartas a fheabhsú, agus rannpháirtíocht an phobail sa chinnteoireacht a mhéadú.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

- Éifeachtacht IED a fheabhsú.
- A áirithiú go dtacaíonn IED le glacadh teicnící atá ag teacht chun cinn le linn an chlaochlaithe thionsclaíoch leanúnaigh trí cheadú/athbhreithniú níos dinimiciúla maidir le ceadanna do shuiteálacha móra
- Glacadh agus infheistíochtaí i dteicnící a chothú go sineirgisteach, lena ndéantar truailliú agus astaíochtaí carbóin a chosc/a laghdú go comhpháirteach.
- Cuidiú leis an aistriú chuig ceimiceáin atá níos sábháilte agus ceimiceáin nach bhfuil

[82] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

chomh tocsaineach céanna a úsáid, éifeachtúlacht acmhainní feabhsaithe (fuinneamh, uisce agus dramhaíl a chosc) agus ciorclaíocht níos mó.

- Aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhíobhálacha ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol de bharr gníomhaíochtaí agraithionsclaíocha nach rialaítear faoi láthair le IED.
- Feabhas a chur ar an rochtain atá ag daoine aonair príobháideacha agus ag an tsochaí shibhialta ar fhaisnéis, ar rannpháirtíocht sa chinnteoireacht, agus ar rochtain ar cheartas (lena n-áirítear sásamh éifeachtach) i ndáil le gléasraí rialáilte a cheadú, a oibriú agus a rialú.

### *1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

- *Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

- Leis an Treoir atá beartaithe tabharfar aghaidh ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht IED agus beidh ailíniú níos dlúithe le spriocanna beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip mar thoradh air.
- Éascófar leis sin glacadh níos mó le teicnící nuálacha díthruaillithe agus cuirfear modhanna táirgeachta ciorclacha, neamh-charbóin atá tíosach ar acmhainní chun cinn, rud a chuirfidh le hathléimneacht an Aontais agus a laghdóidh tionchair dhíobhálacha ar an tsláinte phoiblí agus ar an mbithéagsúlacht araon. Leis an togra, tabharfar aghaidh freisin ar ábhair imní ábhartha na bpáirtithe leasmhara maidir leis na hidirghníomhaíochtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo idir astaíochtaí truailleán (díthruailliú) agus astaíochtaí GCT (dícharbónú) a laghdú, lena n-áirítear comhleanúnachas beartais chun rannchuidiú suiteálacha agraithionsclaíocha a uasmhéadú i ndáil le dhá sprioc an Aontais maidir le Truailliú Nialasach agus Neodracht Carbóin.
- Ar deireadh, leis an 'achoimre cheada' chomhchuibhithe agus fhoilsithe a bheidh ann amach anseo, déanfar rochtain ar fhaisnéis faoi thionchar comhshaoil suiteálacha agraithionsclaíocha a éascú agus rannpháirtíocht an phobail sa chinnteoireacht a mhéadú.

### *1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

- *Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

- Leis an bhfaisnéis lena n-áirítear astaíochtaí foriomlána truailleán arna dtuairisciú ag oibreoirí chuig an gClár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (E-PRTR), soláthrófar príomhtháscairí chun an dul chun cinn a rianú in aghaidh chuspóirí an tionscnaimh seo. Déantar na táscairí sin a tháirgeadh ar bhonn rialta, tá siad inchomparáide agus inrochtana go héasca tríd an Tairseach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha arna bainistiú ag an EEA.
- Leis an gráinneacht mhéadaithe ar astaíochtaí truailleán ar an leibhéal suiteála, beifear in ann faireachán a dhéanamh ar na príomhphróisis laistigh de na hearnálacha a bhfuil a bhfeidhmíocht chomhshaoil ag feabhsú nó ag titim ar gcúl.
- Le tuairisciú ar úsáid acmhainní a chuimsiú, beifear in ann táscairí nua a shainiú maidir le húsáid ábhar, uisce agus fuinnimh, lena mbeifear in ann feabhsuithe ar éifeachtúlacht acmhainní a rianú.

- Déanfar faireachán ar luas forbartha agus glactha nuálaíochtaí agus ar an gclaochlú riachtanach ar earnálacha IED mar thoradh air sin chun cuspóirí 2030 agus 2050 an Aontais a bhaint amach a áirithiú trí mheicníocht nua arna bainistiú ag an Lárionad Nuálaíochta um Chlaochlú Tionsclaíoch agus Astaíochtaí (INCITE) trí na táscairí seo a leanas:

- Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí (LUT) i ndáil leis na teicnící atá ag teacht chun cinn de réir earnála;

-Feidhmíocht astaíochtaí na dteicnící atá ag teacht chun cinn;

– Amlíne ghlactha teicneolaíochtaí den sórt sin a bhfuil coinne leo ‘ar an láthair’;

– Fad chuig táscairí sprice le haghaidh gach earnáil IED.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

- Leis an ráiteas airgeadais seo, gheofar maoiniú do sheirbhísí an Choimisiúin (ENV agus JRC) agus do ECHA chun roinnt gníomhaíochtaí nua a sholáthar, dá bhforáiltear i dtogra IED. Is de chineál eile iad na gníomhaíochtaí sin:

- gníomhaíochtaí aonuaire atá nasctha le gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú agus a chaibidliú

- cúraimí rialta, i.e. na cúraimí sin a thagann sa bhreis ar na hoibleagáidí cur chun feidhme agus forfheidhmithe atá ann faoi láthair agus a eascraíonn as raon feidhme leathnaithe agus níos doimhne na Treorach

- cúraimí a bhaineann le INCITE a chur ar bun agus a oibriú.

- **<u>Amlíne:</u>**

- R2 2022 – R4 2023 an togra a chaibidliú. Mar gheall ar chineál casta an togra agus ar an ngá atá le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an athbhreithniú ar PRTR Eorpach, d’fhéadfadh sé go mbeadh níos mó acmhainní agus ama ag teastáil chun dul i mbun caibidlíochta.

- R2 2024 – R4 2027 Tús a chur le BREFanna nua agus iad a oibriú amach (Doiciméid Tagartha i ndáil leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil). Eascraíonn BREFanna nua as leathnú ar an raon feidhme sa togra. Meascán d’obair theicniúil agus de bhailíochtú páirtithe leasmhara is ea an próiseas seo agus is leis an JRC is mó a luaitear é.

- R1 2024 – R4 2027: athbhreithnithe BREFanna; tá nasc idir acmhainní breise in athbhreithnithe agus eilimintí nua is gá a chumhdach le BREFanna, amhail an geilleagar ciorclach, dícharbónú agus timpeallacht nach bhfuil chomh tocsaineach sin. Meascán d’obair theicniúil agus de bhailíochtú páirtithe leasmhara is ea an próiseas seo agus is leis an JRC is mó a luaitear é.

- R1 2024 – R4 2027: tús a chur leis an obair theicniúil agus í a dhéanamh chun tacú le gníomh cur chun feidhme maidir le feirmeacha beostoic. Cé nach próiseas BREF ann féin é, meastar go mbeidh an próiseas chun ábhar teicniúil an ghnímh cur chun feidhme a fhorbairt cosúil le próiseas BREF.

- R1 2024 ECHA chun tosú ar mhodheolaíocht a fhorbairt chun faisnéis a roinnt maidir

leis an tionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a bhaineann le ceimiceáin a shainaithnítear in BREFanna.

- R1 2024 - R4 2025 – obair anailíseach chun trí ghníomh cur chun feidhme agus a gcaibidlíocht a ullmhú. Is éard a bheidh i gceist leis na gníomhartha sin modheolaíocht chomhchuibhithe a bhunú chun maoluithe a chur i bhfeidhm (Airteagal 15.4), rialacha comhchoiteanna chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta faoi Chaibidil II (Airteagal 15a) agus ar fheidhmiú INCITE. Maidir leis an dara ceann, bheadh ról ag JRC agus ag AS ENV araon maidir lena áirithiú go gcomhlíonfaí go hiomlán caighdeáin BREF, trédhearcacht agus gné rannpháirtíochta INCITE.

- R1 2024 – seoladh INCITE.

- R1 2026 - R4 2027 – obair anailíseach agus ullmhúcháin sula nglacfar an gníomh cur chun feidhme maidir le pleananna claochlaithe, agus obair leantach ina dhiaidh sin. Chuige sin, beidh cinneadh maidir le formáid agus raon feidhme an ghnímh cur chun feidhme le hoibriú amach.

- R1 2026 – R4 2027: obair ullmhúcháin don tuarascáil maidir le sineirgí le ETS. Tá an tuarascáil le bheith istigh in 2028.

*1.5.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais.*

- Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

- Ní féidir leis na Ballstáit leo féin tionchar an truaillithe ó shuiteálacha agraithionsclaíocha a mhaolú go héifeachtach i ngeall ar chineál trasteorann an truaillithe. Thairis sin, ós rud é nach ann do chur chuige coiteann de chuid an Aontais maidir le caighdeáin feidhmíochta comhshaoil a shocrú, bheadh na tionscail chéanna faoi réir rialaithe difriúla ar thruailliú i ngach Ballstát. D'fhéadfadh sé go gcruthófaí éagothroime iomaíochta, go n-ilroinnfí an margadh aonair agus go gcuirfí bac ar bheartais chomhshaoil agus sláinte an Aontais dá bharr sin.

- Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

- Le córas IED BAT-bhunaithe mar aon le PRTR Eorpach, soláthraítear faisnéis a úsáideann na Ballstáit uile, trí phróiseas malartaithe faisnéise aonair ar leibhéal an Aontais, rud a thiocfaidh in ionad gá a bheith le próisis náisiúnta a bhunú ag gach Ballstát. Éiríonn le hoibreoirí plandaí i ngach Ballstát éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach toisc nach gá dóibh ach cloí le cur chuige aonfhoirmeach rialála amháin ar fud an Aontais. Tá méadú ag teacht ar úsáid chóras an Aontais ag tríú tíortha, agus cothroime iomaíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn ar an gcaoi sin.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

- Ba é ba chonclúid do mheastóireacht IED go bhfuil an Treoir éifeachtach tríd is tríd maidir le truailliú san aer, san uisce agus san ithir a chosc agus a rialú ó ghníomhaíochtaí tionsclaíochta, agus maidir le hionchorprú BAT a bhrú chun cinn. D'éirigh leis bpróiseas chun BREFanna a tháirgeadh agus BAT a shainaithint agus aithnítear é mar shamhail de

rialachas comhoibríoch agus de chomhchruthú reachtaíochta. Tá easnaimh ann fós maidir le dul i ngleic le héifeachtúlacht acmhainní, leis an ngeilleagar ciorclach agus le modhanna táirgthe neamhthocsaineacha agus maidir le sruth suntasach astaíochtaí tionsclaíocha a ghabháil ó earnálacha áirithe, rud a fhágann go gcliseann ar an margadh: ní íocann truaillitheoirí na fíorchostais a bhaineann leis an truailliú a chruthaíonn siad. Ar deireadh, níl an Treoir éifeachtúil maidir le próisis, teicneolaíochtaí agus nuálaíocht nua táirgthe a chur chun cinn.

- Idir 2017 agus 2019, rinne AS ENV tástáil ar mhodheolaíocht chun Ionad Nuálaíochta a fheidhmiú. Lean sé staidéar in 2015 inar scrúdaíodh roghanna chun feabhas a chur ar ghlacadh na nuálaíochta agus ar mhalartú faisnéise maidir le teicnící atá ag teacht chun cinn. Ba é cuspóir foriomlán an Lárionaid Nuálaíochta na teicnící is déanaí a shainaithint trí dhul i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara, agus measúnú a dhéanamh ar a fhorbartha agus atá siad, trí leas a bhaint as Leibhéil na hUllmhachta Teicneolaí (LUT). Baineadh úsáid as an gcur chuige ar theicstílí, ar sheamlais & ar sheachtháirgí ainmhithe BREFanna agus ar theicneolaíochtaí a dhéileálann le saincheisteanna leathana, agus léiríodh go raibh sé éifeachtúil agus éifeachtach chun tacú le próiseas athbhreithnithe BREF. Cuireann an togra seo le haghaidh INCITE le conclúidí na gcláracha píolótacha.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

- Tá an gníomh seo comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus le tionscnaimh leanúnacha eile a eascraíonn ón gComhaontú Glas don Eoraip.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

- **<u>Cúrsaí mar atá faoi láthair:</u>**

- Tá gach gníomhaíocht a bhaineann leis na BREFanna fós faoi chúram an Bhiúró Eorpaigh um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (EIPPCB, cuid de JRC) a bunaíodh in 1997 chun malartú faisnéise a eagrú idir an Coimisiún Eorpach, Ballstáit an Aontais Eorpaigh, eagraíochtaí tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) a úsáidtear chun truailliú tionsclaíoch a chosc agus a rialú. Tá an oilteacht, an t-eolas agus an tsolúbthacht ag an mBiúró chun an próiseas a reáchtáil go rianúil. Áirithítear leis go bhfuil na sonraí láidir, nach bhfuil an próiseas neamhchlaonta agus go gcosnaítear an fhaisnéis, ionas go n-aithnítear go forleathan an próiseas sna Ballstáit, in eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus sa tionscal.

- Cumhdaíonn 15 oifigeach eolaíochta FTE le tacaíocht ó 2.5 FTE don rúnaíocht/do thacaíocht TF na cúraimí a bhaineann leis na BREFanna thuasluaite faoi láthair (Márta 2022). Fágann sé sin gur féidir obair leanúnach a dhéanamh ar thart ar ocht gcinn de BRFEanna ar a mhéad a dhréachtú agus a athbhreithniú go comhuaineach. Maoinítear an Biúró go hiomlán (100 %) trí bhuiséad institiúideach JRC gan aon ranníocaíocht ó AS ENV (gan Socrú Riaracháin).

- Ó 2022 i leith, tá 34 BREF curtha ar fáil ag Biúró IPPC na hEorpa, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an gcuid is mó acu cheana féin. Tá gach BREF ina

thoradh ar bhailiú agus ar mhalartú ilbhliantúil faisnéise laistigh de mheithleacha teicniúla earnála ad hoc ina bhfuil níos mó ná 100 saineolaí in aghaidh na meithle. Tá caibidlí/ranna faoi theicnící atá ag teacht chun cinn mar chuid de gach doiciméad BREF.

- Tacaíonn AS ENV le Biúró IPPC na hEorpa ina chuid oibre, agus cinntíonn sí go ndéantar IED a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Ullmhaíonn sé freisin na treoirlínte is gá, na gníomhartha cur chun feidhme agus téann sé i mbun idirphlé leis na Ballstáit. Cuimsíonn seacht FTE na cúraimí sin.

- Maidir le ECHA, níl sainordú dlí aige faoi láthair aon chúram a bhaineann le IED a chur i gcrích. Mar sin féin, le blianta beaga anuas chuaigh EIPPCB i gcomhairle leis go rialta le linn an athbhreithnithe ar BREFanna agus chuir sé ionchuir éagsúla ar fáil a bhaineann le substaintí ceimiceacha agus cineálacha cur chuige bainistíochta ceimiceán gan acmhainní a ghealladh go soiléir chun na cúraimí sin a bhaineann le BREF a chumhdach. Cuireadh tús leis an gcomhar idir EIPPCB agus ECHA maidir le próiseas BREF mar phíolóta in 2017 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Theicstílí BREF; aithníodh go raibh toradh an-dearfach air. Ina theannta sin, bhí ECHA páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le BREF ar bhonn ad hoc. Tá rannpháirtíocht agus tacaíocht fhadtéarmach ECHA i bhforbairt BREFanna agus BAT ríthábhachtach chun breithniú iomlánaíoch a dhéanamh ar cheimiceáin i gceadanna suiteálacha IED, lena n-áirítear a láithreacht sna hamhábhair (príomha nó tánaisteacha) agus a láithreacht sna hastaíochtaí ó na suiteálacha, agus sa dramhaíl agus sna fotháirgí a ghintear.

- Leis an gClár um Fhíorú na dTeicneolaíochtaí Comhshaoil (ETV), déantar feidhmíocht na dteicneolaíochtaí nuálacha comhshaoil in eagraíochtaí tionsclaíocha níos lú a fhíorú faoi láthair trí líonra comhlachtaí fíorúcháin arna mbainistiú ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. Go dtí seo, níor ghlac sé páirt i bpróiseas BREF.

- **<u>An rogha is fearr</u>**

Leathnú raon feidhme IED agus raon feidhme leathnaithe dhoiciméid BREF amach anseo

- Tá EIPPCB (cuid de JRC) i suíomh uathúil agus oibríonn sé i gcomhar le go leor réimsí beartais. I bhfianaise na hoilteachta, na taithí agus an tsaineolais atá aige, meastar gurb é JRC an ceann is iomchuí chun cúraimí nua agus breisithe a bhaineann le BREFanna a chumhdach. Is cineál nua gníomhaíochta é an Lárionad um Chlaochlú Tionsclaíoch agus Astaíochtaí (INCITE) lena soláthrófar breisluach trí fhaisnéis a thabhairt le chéile ó thionscnaimh de chuid an Aontais maidir le nuálaíocht. Beidh sé ina phointe cruinnithe freisin maidir le beartais éagsúla lena mbeifear in ann deiseanna a aithint le haghaidh sineirgí méadaithe. Trí INCITE a fhorbairt laistigh de JRC, bainfear tairbhe as gnóthachain éifeachtúlachta agus as na sinéirgí a tháirgtear de bharr a chóngarachta do EIPPCB, agus as a rannpháirtíocht in BREFanna agus i gcaidreamh seanbhunaithe leis an tionscal. Thairis sin, leis an togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar IED, cuimsítear coincheap na dteicnící atá ag teacht chun cinn agus na hastaíochtaí agus na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leo, agus tá impleachtaí dlíthiúla gaolmhara ag baint leis sin. Dá dheasca sin, tá ábhar imní ann faoi rúndacht agus íogaireacht sonraí. Tá an taithí ag JRC chun déileáil leis. D'fhéadfaí roinnt cúraimí simplí rúnaíochta agus fadálacha a sheachfhoinsiú (bunachar sonraí na bpáirtithe leasmhara a choinneáil cothrom le dáta, faireachán a dhéanamh ar bhunachair sonraí paitinní/Fís Eorpach/Cistí Nuálaíochta, cúraimí a bhaineann le cruinnithe a eagrú, foilseacháin).

Raon feidhme leathnaithe dhoiciméid BREF amach anseo (ceimiceáin)

- Is é saineolas ECHA an uirlis is fearr chun tascanna a bhaineann leis an gCóras Bainistíochta Ceimiceán a phróiseáil, rud a chuireann leis an gcomhar a bhfuil ag éirí go geal leis maidir le teicstílí BREF. Is é ról ECHA an méid seo a leanas a áirithiú:

– Déantar sainaithint iomchuí (agus, roghnúchán más gá) maidir le substaintí ábhartha do gach earnáil/BREF. Áireofar leis sin tréithriú úsáidí na substaintí sin ag earnálacha a chumhdaítear le BREFanna lena n-áirítear sainmhíniú ar dhea-chleachtais chun úsáid a bhaint as na roghanna malartacha is sábháilte ar an margadh. Feabhsófar leis sin soiléireacht agus comhsheasmhacht na reachtaíochtaí éagsúla (IED, REACH, CLP)

- Úsáidtear an téarmaíocht cheart i bpróisis BREF (e.g. substaint, ceimiceán próisis, amhábhar)

Tá BATanna a bhaineann le ceimiceáin (amhail teicnící ionadaíochta) fónta go teicniúil

- Tá doiciméid chúlra, don Chruinniú Tionscnaimh agus don chruinniú deiridh, arna ndréachtú ag EIPPCB, ábhartha maidir le saincheist na gceimiceán

- Tugtar cúnamh do EIPPCB chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ar bhunachar sonraí ECHA

- Tugtar cúnamh chun ceisteanna nó tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt i gcás ina bhfuil saineolas ar cheimiceáin ag teastáil

- Leis an gcur chuige comhtháite seo is féidir aghaidh a thabhairt ar dhá ghné den Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht: 1) Ceimiceáin atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh a chur chun cinn agus 2) Bogadh i dtreo truailliú ceimiceach nialasach sa chomhshaol. Mar thoradh air sin, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear chun cinn leis an reachtaíocht maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha úsáid ceimiceán atá níos sábháilte ag earnáil na tionsclaíochta san Aontas trí mheasúnuithe riosca ar an láthair a éileamh agus trí shrian a chur le húsáid substaintí ar údar mór imní iad.

- Faoi láthair, ní féidir le haon chomhlacht eile de chuid an Aontais déileáil le castacht an chúraim sin. Leis an mbunachar sonraí uathúil maidir le ceimiceáin arna choinneáil ar bun ag ECHA a bhfuil baint aige le saineolas na gníomhaireachta i mianadóireacht agus baint amach faisnéise ón nGníomhaireacht, is é ECHA is fearr atá in ann an t-ionchur is gá a chur ar fáil do phróiseas dréachtaithe/athbhreithnithe BREF i dtaca le faisnéis a bhaineann le substaintí. Ina theannta sin, d'fhorbair an ghníomhaireacht saineolas agus eolas fairsing maidir leis an gcaoi is féidir treoir theicniúil agus eolaíoch a sholáthar don tionscal i dtaca le measúnuithe riosca ar shubstaintí ceimiceacha. Leis sin tugtar deis ar leith do ECHA treoir a thabhairt d'oibreoirí suiteála IED maidir leis an gcaoi is féidir fardal ceimiceach a struchtúrú agus a bhainistiú d'fhonn measúnú riosca ag leibhéal an láithreáin a dhéanamh agus an fhoghlaim ar thopaicí REACH/IED á gcur i bhfeidhm chun comhtháthú REACH - IED a éascú.

- **<u>Roghanna arna n-imscrúdú maidir le INCITE:</u>**

**-** *Soláthairtí poiblí a thabhairt i gcrích le comhairleoirí:* Cé go bhfuil buntáistí ag baint leis an réiteach sin ó thaobh solúbthachta de, ní bhaintear ón gCoimisiún Eorpach an t-ualach a bhaineann leis an obair anailíseach agus mhaoirseachta a dhéanamh. Tá rannpháirtíocht fhadtéarmach in INCITE de dhíth ar an gCoimisiún chun torthaí

inmharthana agus láidre a bhaint amach. Baineann sé sin leis an bhfíric go gclúdóidh an claochlú tionsclaíoch is gá, arb é is aidhm do IED tacaíocht a thabhairt dó, níos mó ná deacáid mar thoradh ar chastacht agus méid na n-infheistíochtaí. Ina theannta sin, beidh cuid den fhaisnéis a bhaileofar le INCITE íogair ó thaobh gnó de agus braitheann a rath ar a chumas déileáil le faisnéis den sórt sin. Tríd an obair a bhaineann le sonraí maidir le teicnící atá ag teacht chun cinn a bhailiú agus a anailísiú a chur de chúram ar chomhairleoir, bheadh an Coimisiún i staid íogair maidir leis an dá shaincheist ríthábhachtacha thuasluaite, mar ní dheimhneofaí leis sin rannpháirtíocht fhadtéarmach na bpáirtithe leasmhara ná glacadh na bpáirtithe leasmhara.

– Tá sé ar chumas *ETV – (laistigh den Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, EIT)* próiseas fíorúcháin a riar, mar sin féin, taithí theoranta ar fhaireachán agus laghdú ar thruailliú, agus próisis táirgthe níos glaine; braitheann ETV ar inniúlachtaí na gcomhlachtaí fíoraithe, agus tá acmhainní teoranta ag an gCoimisiún chun obair den chineál sin a threorú. Léiríodh sa mheastóireacht a rinneadh ar ETV le déanaí go bhfuil teorainn leis an úsáid a bhaintear as an scéim agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aitheantas leathan forbartha ag an gcóras ar fud na n-earnálacha tionsclaíocha, rud atá riachtanach chun go n-éireoidh le próiseas BREF. Mar thoradh ar dhearadh rialachais ETV (comhlachtaí éagsúla fíorúcháin) d'fhéadfadh sé a bheith casta nós imeachta seasta nó cur chuige struchtúrtha cumarsáide a bhunú lena n-éascófar an t-aistriú faisnéise idir ETV an Aontais agus BREF TGW agus lena n-áirithiú go bhfuil sé ar ardchaighdeán.

Tá an – *Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA)* – thar a bheith speisialaithe ó thaobh faisnéis fhónta neamhspleách faoin gcomhshaol a sholáthar (lena n-áirítear costais an truaillithe) agus beidh gá an t-eolas atá aici ar theicneolaíochtaí agus ar phróisis thionsclaíocha a leathnú agus tógfaidh sé am. Níorbh ionann cineál an chúraim sin agus cineál na gcúraimí a leagtar síos sa Rialachán maidir le EEA.

- *AS ENV* – beidh uirthiacmhainneacht a fhorbairt agus tacaíocht sheachtrach a fháil chun dul i ngleic le castacht an chúraim. Baineann dúshláin den chineál céanna leis an dara ceann mar a thuairiscítear sa chéad urchar.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

- ☐ **tréimhse theoranta**

  ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

  ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

- ☒ **tréimhse neamhtheoranta**

  Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2024,

  agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[83]

- ☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

  ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

  ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

- ☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

- ☒**Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

  ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

  ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

  ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

  ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;;

  ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

  ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

  ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

  ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

# 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

## 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

- *Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| • Baineann soláthar, socrú riaracháin le JRC, méadú ar an ranníocaíocht le ECHA |

[83] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

| agus an tionchar ar COM HR leis an tionscnamh. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. |
|---|

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| • Ní bhaineann le hábhar – féach thuas |
|---|

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| • Ní bhaineann le hábhar – féach thuas |
|---|

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| • Ní bhaineann le hábhar – féach thuas |
|---|

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

- *Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| • Ní bhaineann le hábhar – féach thuas |
|---|

# 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

## 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

- <u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[84]. | ó thíortha de chuid CSTE[85] | ó thíortha is iarrthóirí [86] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 09.10.01 – An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán | Difreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

84 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

85 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

86 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 | 09.02.02 – Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil | Difreáilt e | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20.01.02.01 – Luach saothair agus liúntais (foireann reachtúil) | LD. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20 02 01 01 - Foireann ar conradh | LD. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | Ceannteideal 3 – Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol |
|---|---|---|

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| Ard-Stiúrthóireacht: ENV | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 agus ina dhiaidh sin | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 09 02 02 An geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil | Gealltanais | (1a) | 0.645 | 0.645 | 0.445 | 0.445 | **2.180** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0.645 | 0.645 | 0.445 | 0.445 | **2.180** |
| Líne bhuiséid 09 02 02 An geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil - socrú riaracháin le JRC | Gealltanais | (1b) | 1.424 | 1.470 | 1.567 | 1.618 | **6.079** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | 1.424 | 1.470 | 1.567 | 1.618 | **6.079** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[87] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | |

[87] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS an Chomhshaoil** | Gealltanais | =1a+1b +3 | 2.069 | 2.115 | 2.012 | 2.063 | **8.259** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | 2.069 | 2.115 | 2.012 | 2.063 | **8.259** |

Eascraíonn costais AS ENV as riachtanais soláthair chun anailísí ar athbhreithnithe nua BREFanna agus BREFanna a mhaoiniú, chun tacú le modheolaíochtaí le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme a fhorbairt (Airteagal 15.4 – soláthar do mhodheolaíocht chun maoluithe a chur i bhfeidhm, Airteagal 14.1 – soláthar do rialacha comhchoiteanna chun comhlíonadh a mheas, Airteagal 27d – pleananna claochlaithe), chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh agus chun tacú leo (Airteagal 27a – torthaí a mheas/a anailísiú agus Airteagal 73 – tuarascáil ar shineirgíochtaí le ETS);

Is í AS ENV a sheasfaidh costais an tSocraithe Riaracháin (SR) atá le síniú leis an JRC. Leis an Socrú Riaracháin sin, beifear in ann an Lárionad Nuálaíochta um Chlaochlú Tionsclaíoch agus Astaíochtaí (INCITE) a chur ar bun agus a fheidhmiú ar bhealach éifeachtúil agus leathnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí EIPPCB (go háirithe BREFanna nua a dhréachtú) agus cuirfear bearta a chuirtear chun cinn i dtogra IED chun feidhme dá bharr. Clúdófar leis na costais sin 10 FTE nua (10 ngníomhaire ar conradh – GF IV ar chostas EUR 5.079 milliún) a fhostóidh JRC (tugtar forchostais JRC san áireamh i gcostais foirne) – clúdóidh an fhoireann sin cúraimí nua a thiocfaidh as athbhreithniú IED agus go háirithe na costais a bhaineann le raon feidhme leathnaithe IED, raon feidhme méadaithe BREFanna, feidhmiúlacht INCITE a áirithiú (bailiú sonraí, anailís, an Rúnaíocht a reáchtáil, foilseacháin, etc.).

Leis an Socrú Riaracháin, cuimseofar freisin creidmheasanna sonracha chun costais a chumhdach a eascraíonn as, mar shampla, cruinnithe foirmiúla agus ceardlanna a eagrú do pháirtithe leasmhara le linn na hoibre chun BREFanna a dhréachtú do na hearnálacha nua (meastar gur EUR 0.200 milliún a bheidh ann idir 2024-2027), riachtanais soláthair le haghaidh anailíse sonraí agus BREFanna agus tuarascálacha ar theicnící atá ag teacht chun cinn a ullmhú (EUR 0.400 milliún idir 2024-2027) agus córais nua TF a chur ar fáil chun tacú leis an Lárionad Nuálaíochta um Chlaochlú Tionsclaíoch agus Astaíochtaí (INCITE) a mheastar a bheith ag EUR 0.400 milliún sa tréimhse faoi anailís.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |
| Gníomhaireacht: ECHA | | | Bliain 2024 | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
| | | | | | | | |
| Teideal 1: Caiteachas foirne | Gealltanais | (1a) | 0.570 | 0.581 | 0.593 | 0.605 | **2.349** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0.570 | 0.581 | 0.593 | 0.605 | **2.349** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 2: Bonneagar | Gealltanais | (1a) | 0,050 | 0,050 | 0,050 | 0,050 | **0.200** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,050 | 0,050 | 0,050 | 0,050 | **0.200** |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (1b) | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ECHA** | Gealltanais | =1a+1b +3 | 0.620 | 0.631 | 0.643 | 0.655 | **2.549** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | 0.620 | 0.631 | 0.643 | 0.655 | **2.549** |

Tá an costas a bhaineann le 3 FTE nua san áireamh i gcostais ECHA,

- a dhéanfaidh mianadóireacht sonraí ar bhunachair shonraí ECHA agus liosta substaintí guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith in úsáid in earnálacha BREF a ghiniúint; faisnéis a bhaineann le substaintí a bhaint (stádas rialála, aicmiú, aitheantas substaintí), na húsáidí a bhaintear as na substaintí sin in earnálacha a chumhdaítear le BREFanna, lena n-áirítear sainmhíniú ar dhea-chleachtais chun na roghanna malartacha is sábháilte ar an margadh a úsáid, agus tacaíocht theicniúil a sholáthar d'athbhreithnithe BREF (cruinnithe TWG, athbhreithniú, ionchuir theicniúla eile) – 2 FTE
- Prionsabail threoracha a fhorbairt don Chóras Bainistíochta Ceimiceán lena ndírítear ar struchtúr sonraí le haghaidh fardal láithreáin ceimiceán (substaintí agus meascáin) a bhaineann le modheolaíocht measúnaithe riosca ar leibhéal an láithreáin a fhorbairt tuilleadh agus cur le forbairt na bprionsabal treoracha maidir leis gcaoi is féidir measúnú comparáideach riosca a dhéanamh idir na substaintí a úsáideann oibreoir dá phróisis/dá dtáirgí agus do roghanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann – 1 FTE

Déanfar an méadú is gá ar ranníocaíocht an Aontais le ECHA a chúiteamh trí laghdú comhfhreagrach ar chlúdach chlár LIFE (líne bhuiséid 09.0202 - *Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil*).

| | | | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair | Gealltanais | (4) | 2.689 | 2.746 | 2.655 | 2.718 | **10.808** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| oibríochtaí | Íocaíochtaí | (5) | 2.689 | 2.746 | 2.655 | 2.718 | **10.808** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 3** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | **10.808** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 1.777 | 1.777 | 1.577 | 1.577 | **10.808** |
| | | | | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | Ceannteideal 7 – Riarachán Poiblí Eorpach |

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: an Chomhshaoil | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | 0.560 | 0.560 | 0.560 | 0.560 | **2.240** |
| **IOMLÁN AS** ENV | Leithreasuithe | | 0.560 | 0.560 | 0.560 | 0.560 | **2.240** |
| | | | Bliain 2024 | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | 0.560 | 0.560 | 0.560 | 0.560 | **2.240** |
| | Íocaíochtaí | | 0.560 | 0.560 | 0.560 | 0.560 | **2.240** |

Déanfaidh foireann bhreise AS ENV (3 AD, 1 CA) na nithe seo a leanas a chur i gcrích:

– Gníomhartha cur chun feidhme nua ón gCoimisiún a ullmhú chun go nglacfar leo.

– Idirphlé a chothú leis na Ballstáit agus le JRC-EIPPCB.

– Rialacha maidir le bunú, sainphribhléidí agus feidhmiú INCITE a ullmhú agus a chur chun feidhme agus rannchuidiú lena chuid oibre.

– An t-ionchur is gá a chur ar fáil do JRC agus do ECHA nuair a iarrtar sin agus i ndáil le forbairtí polaitiúla agus reachtacha atá ar siúl faoi láthair

– Sineirgí le ETS a shainaithint agus a fhorbairt d'fhonn feidhmíocht fhoriomlán suiteálacha agraithionsclaíocha a fheabhsú agus tuarascáil a dhréachtú maidir leis na torthaí.

– Anailís a dhéanamh gach bliain ar na sonraí a bhailítear chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

  - A áirithiú go gcomhlíonfar na cuspóirí beartais (cur chun feidhme, forfheidhmiú)
  - Réimse ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcaoi a mbainistítear cosc agus rialú astaíochtaí tionsclaíocha a shainaithint

– Cúraimí leanúnacha a chomhlíonadh a bhaineann le raon feidhme leathnaithe IED agus BREFanna, lena n-áirítear freastal ar chruinnithe na nGrúpaí Oibre Teicniúla in Sevilla, idirghníomhaíocht leis na páirtithe leasmhara agus le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, agus tacú leis na Ballstáit an córas nua IED a thrasuí, a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh.

### 3.2.2. *An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | |

| ⇩ | Cineál 88 | Meán chosta s | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costa s | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[89]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

88 Is táirgí agus seirbhísí iad na haschuir atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

89 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní ECHA*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | **Bliain 2024** | **Bliain 2025** | **Bliain 2026** | **Bliain 2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 0.570 | 0.581 | 0.593 | 0.605 | **2.349** |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Baill foirne ar conradh | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN** | 0.570 | 0.581 | 0.593 | 0.605 | **2.349** |

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain **2024** | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 3 | 3 | 3 | 3 | **3 in aghaidh na bliana** |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Baill foirne ar conradh | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3 in aghaidh na bliana** |

Tacóidh foireann bhreise ECHA le cur chun feidhme na gCóras Bainistíochta Comhshaoil. Déantar leis sin go háirithe treoirphrionsabail don Chóras Bainistíochta Ceimiceán a fhorbairt,

sainaithint agus roghnú substaintí ábhartha do gach earnáil/BREF a áirithiú, dea-chleachtas earnáilsonrach a fhorbairt maidir le húsáid na substaintí is sábháilte ar an margadh, agus ina dhiaidh sin téarmaíocht cheart a chur i bhfeidhm i bpróisis BREF (e.g. substaint, ceimiceán próisis, agus amhábhar). Féachfaidh sé i ndiaidh láidreacht fhoriomlán BATanna a bhaineann le ceimiceáin (i dtaca le teicnící ionadaíochta mar shampla), ullmhóidh sé doiciméid chúlra, do chruinnithe tionscnaimh BREF agus don chruinniú deiridh, arna ndréachtú ag EIPPCB atá ábhartha maidir le saincheist na gceimiceán. Ar deireadh, cuideoidh sé le EIPPCB rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi bhunachar sonraí ECHA agus ar cheisteanna nó tuairimí na bpáirtithe leasmhara i gcás ina bhfuil saineolas ar cheimiceáin ag teastáil.

Úsáideadh comhéifeacht cheartúcháin 118.6 (comhéifeacht maidir leis an gcostas maireachtála san Fhionlainn), chomh maith le méadú boilscithe 2 %.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach sa Choimisiún

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027 agus ina dhiaidh sin** |
|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | |
| • AS ENV - 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 3 | 3 | 3 | 3 |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[90] | | | | |
| • AS ENV 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 1 | 1 | 1 | 1 |
| • **IOMLÁN** | **4** | **4** | **4** | **4** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

- I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

[90] AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

- Úsáidfear imchlúdach LIFE chun an caiteachas arna thabhú ag AS ENV a chumhdach agus chun cúiteamh a dhéanamh ar an méadú ar fhóirdheontas ECHA.

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.